

Tuarascáil speisialta

Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair

Roinnt coigiltis ar fhuinneamh,
ach laigí i bpleanáil agus roghnú tionscadal



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA HEORPA

Ábhar

	Alt
Achoimre feidhmiúcháin	I-XII
Réamhrá	01-20
Éifeachtúlacht fuinnimh san Aontas	01-15
Ról an Choimisiúin agus na mBallstát	16-20
Raon feidhme agus cur chuige na hiniúcháireachta	21-33
Barúlacha	34-120
Nascacht doiléir idir maoiniú ón Aontas agus riachtanais fiontraíochta	34-64
Níor shainaithin an Coimisiún an gá atá le cistí AE	35-39
Leagadh síos cuspóirí atá nasctha le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair ag formhór na mBallstát, ach ní gá go mbeadh siad nasctha le cuspóirí NEEAP	40-45
Tá laghdú tagtha ar an tacaíocht atá beartaithe le blianta beaga anuas agus tá an chuid is mó de na cistí dírithe i roinnt Ballstát	46-51
Deontais is mó a chuirtear ar fáil sna cláir oibríochtúla, agus níor thugadar údar maith leis an rogha sin	52-64
Is minic a spreagtar éifeachtúlacht le nósanna imeachta na mBallstát	65-106
I bhformhór na nósanna imeachta roghnúcháin bíonn gá le hiarratais chun an coigilteas fuinnimh a bhfuiltear ag súil leis a chur san áireamh, rud a dhéantar bailíochtú air de ghnáth trí iniúchtaí fuinnimh	67-73
Go ginearálta, leagann na húdaráis bhainistíochta síos caighdeáin feidhmíochta íosta	74-80
Is féidir le hinfheistíocht a dhéanamh in éifeachtúlacht fuinnimh a bheith éifeachtúil gan tacaíocht phoiblí	81-88
Táscairí airgeadais, uirlisí cumhachtacha feidhmíochta a ndearna údaráis bhainistíochta faillí orthu	89-106

Leis an gcreat feidhmíochta atá ann faoi láthair, ní dhéantar tomhas ar ranníocaíocht fhoriomlán chistiú an Aontais **107-120**

Leis an gcreat comhchoiteann feidhmíochta, ní raibh rochtain ar fhaisnéis chomhdhlúite maidir le haschuir agus torthaí a bhí ar fáil **108-116**

Dé réir na meastachán, cuirfidh tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh atá maoinithe ag an Aontas go mór le cuspóirí AE **117-120**

Conclúidí agus moltaí **121-139**

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – Anailís ar thionscadail sa bhunachar sonraí

Iarscríbhinn II – Saintréithe na samplaí

Acrainmneacha agus giorrúcháin

Gluais

Freagraí ón gCoimisiún

Amlíne

Foireann iniúchta

Achoimre feidhmiúcháin

I Tá éifeachtúlacht fuinnimh mar chuid thábhachtach d’uaillmhian an Aontais a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050. Bheadh gá le feabhsuithe móra san éifeachtúlacht fuinnimh amach anseo má tá an tAontas chun an cuspóir sin a bhaint amach.

II Tá sé d’acmhainn ag gach earnáil den gheilleagar rannchuidiú leis an éifeachtacht fuinnimh. Chinneamar ár n-anailís a chomhlánú trí scrúdú a dhéanamh ar an tacaíocht a thugtar d’infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair. Rinneamar an méid sin tar éis dúinn breathnú ar thuarascálacha faoi bhearta éifeachtúlachta fuinnimh i dtionscail, foirgnimh agus táirgí dianfhuinnimh móra le gairid. Bhí sé mar aidhm againn léargais anailíseacha nua a chur ar fáil ó shonraí faoi thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh atá cómhaoinithe ag an Aontas.

III Ba iad Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe na cistí ba shuntasá de chistí AE a raibh sé mar aidhm acu éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i bhfiontair, agus leithdháileadh EUR 2.4 billiún orthu sa tréimhse 2014-2020.

IV Rinne ár n-iniúchadh scrúdú féachaint ar caitheadh cistí go fónta trí anailís a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- o an ndearna an Coimisiún agus Ballstáit measúnú ar úsáid iomchuí chistí an Aontais agus na cuspóirí éifeachtúlachta fuinnimh á gcur san áireamh;
- o ar chuir nósanna imeachta na mBallstát roghnú na dtionscadal éifeachtúil chun cinn;
- o an féidir torthaí an chistithe a léiriú.

V Níl measúnú déanta ag an gCoimisiún ná ag na Ballstáit ar an bhféidearthacht le feabhas a chur ar fhiontair agus níor thugadar údar le riachtanais chistiúcháin AE na bhfiontar sa tréimhse 2014-2020 ach an oiread, cé gur chuir Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe an deis ar fáil comhchistiú a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair tríd an tosaíocht shonrach sin.

VI Ar leibhéal an chláir, chinneamar nach raibh pleanáil na gcistí i gcomhréir leis na tosaíochtaí náisiúnta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus nár thug sé údar le rogha na hionstraime atá maoinithe.

VII Bhí meastacháin de choigilteas fuinnimh a rabhthas ag súil leo, agus iad fíoraithe ag saineolaithe, ag teastáil ó na húdaráis chun tionscadail a roghnú. Chuir na húdaráis de cheangal ar thionscadail freisin a léiriú go mbaineann siad coigiltis fuinnimh íosta amach, agus go gcomhlíonann siad critéir éifeachtúlachta, amhail cóimheas idir costais agus coigilteas.

VIII Thugamar faoi deara go raibh sé níos saoire aonad amháin fuinnimh a shábháil ná an méid céanna leictreachais a íoc de réir meastachán. Ba é an leictreachas an fhoinsé fuinnimh is mó a úsáidtear. Ciallaíonn sé sin go raibh infheistíochtaí éifeachtúil tríd is tríd.

IX Bhain tairbhíthe úsáid as táscairí airgeadais chun measúnú a dhéanamh ar inmhharthanacht an tionscadail, agus go háirithe an t-am aisíoca. Níor bhain formhór na n-údarás úsáid as táscairí den sórt sin le linn an roghnúcháin. Bhí éifeachtúlacht níos ísle ag tionscadail mar thoradh ar amanna aisíoca os cionn na saolré infheistíochta, i.e. an costas níos airde chun an méid céanna coigiltis fuinnimh a bhaint amach. Ní dhearna úsáid critéar éifeachtúlachta laghdú ar an meánchostas a bhaineann le fuinneamh a spáráil.

X Is táscairí clár-shonracha iad táscairí lena dtomhaistear feabhsuithe san éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair, agus mar sin, ní féidir iad a chomhiomlánú ar leibhéal an Aontais. Leagtar amach comhtháscairí feidhmíochta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh sa chlárthréimhse reatha (2021-2027), ach níl siad comhsheasmhach le ceanglais tuairiscithe eile de chuid an Aontais, agus fághtar deis ann le faireachán a dhéanamh ar infheistíochtaí fuinnimh inathnuaite mar thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh.

XI Rinneamar an meánchoigilteas fuinnimh a bhfuiltear ag súil leis a bhaint amach le gach euro a infheistiú i dtionscadail inár sampla a eachtarshuí, maidir le bunachar sonraí iomlán na dtionscadal éifeachtúlachta fuinnimh. Thug an toradh le fios gurb ionann na coigiltis bhliantúla a d'fhéadfadh a bheith ann trasna na gclár ar fad, agus tuairim is 0.3 % d'iarracht bhliantúil coigiltis AE-27 chun na spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh atá ann faoi láthair do 2030 a bhaint amach.

XII Molaimid don Choimisiún:

- measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht agus fíor-rannchuidiú chistí an bheartais chomhtháthaithe le héifeachtúlacht fuinnimh;
- a fhíorú an bhfuil údar iomchuí leis an ionstraim chistiúcháin a roghnú.

Réamhrá

Éifeachtúlacht fuinnimh san Aontas


01 Tá éifeachtúlacht fuinnimh mar chuid thábhachtach d’uaillmhian an Aontais a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050. Léirítear an uaillmhian sin i dtionscnaimh an Choimisiúin maidir leis na tionscnaimh Comhaontú Glas don Eoraip agus 'Oiriúnach do 55'. Is ionann éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach agus feabhas a chur ar an gcóimheas idir aschur agus ionchur fuinnimh, i.e. an tomhaltas fuinnimh is gá chun an t-aschur céanna a bhaint amach, nó chun níos mó aschuir a bhaint amach leis an ionchur céanna fuinnimh.

02 Cuidíonn feabhsú na héifeachtúlachta fuinnimh le déine fuinnimh an gheilleagair a laghdú, i.e. an cóimheas idir olltomhaltas fuinnimh intíre agus olltáirgeacht intíre (OTI). Laghdaítear déine fuinnimh le hathruithe struchtúracha eacnamaíocha freisin, amhail bogadh ó mhonarú go hearnáil na seirbhísí.

03 Is í an Eoraip an réigiún ina bhfuil an déine fuinnimh phríomha is ísle in aghaidh an aonaid OTI ag parluach cumhachta ceannaigh de réir na Comhairle Domhanda Fuinnimh, cé go bhfuil an tomhaltas fuinnimh *per capita* sách ard.¹ Ciallaíonn sé sin go bhfuil an Eoraip sách éifeachtúil ó thaobh fuinneamh a thiontú go OTI. Léiríonn **Figiúr 1** déine fuinnimh i dtíortha agus réigiún éagsúil in 2019.

¹ Comhairle an Fhuinnimh Dhomhanda, [Éifeachtúlacht fuinnimh: Bealach díreach i dtreo inbhuanaitheacht fuinnimh](#), 2016.

Figiúr 1 – An déine fuinnimh in 2019



Foinse: Bliainiris Staidrimh ar Fhuinneamh Domhanda 2020, Enerdata.

04 In ainneoin na bhfeabhsuithe leanúnacha atá déanta, mheas an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh go bhféadfaí déine fuinnimh san Eoraip a laghdú 2.5 % ar a laghad in aghaidh na bliana idir 2017 agus 2030². Mheas an Coimisiún Eorpach gur 16 % i gcás na hearnála tráchtála agus 23.5 % i gcás tionscail é an acmhainneacht eacnamaíoch chun tomhaltas fuinnimh deiridh a laghdú faoi 2030, i gcomparáid leis an ngnáthúsáid fuinnimh³.

05 Tá spriocanna leagtha síos ag an Aontas chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, i.e. tomhaltas fuinnimh deiridh a laghdú 20 % faoi 2020 agus 32.5 % faoi 2030, i gcomparáid le tomhaltas fuinnimh a thuartar do na blianta sin i gcás tagartha 2007, bunaithe ar shamhail PRIMES⁴. Measann an Coimisiún Eorpach go dtiocfaidh laghdú thart ar 45 % ar astaíochtaí AE faoi 2030 de bharr spriocanna reatha an Aontais

² IEA, [Meánathrú bliantúil ar dhéine fuinnimh de réir réigiúin agus cáis, 1990-2030](#).


³ Tábla 1 de staidéar an Choimisiúin Eorpaigh “[Seirbhísí cúnamh theicniúil chun measúnú a dhéanamh ar na féidearthachtaí coigiltis fuinnimh ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach, Achoimre ar thorthaí AE](#)”, Feabhra 2021.

⁴ An Coimisiún Eorpach (2008), [cás bunlíne maidir le Fuinneamh AE-27 – Nuashonrú 2007](#).

d'fhoinsí fuinnimh inathnuaite agus d'éifeachtúlacht fuinnimh⁵. Mhol an Coimisiún go ndéanfaí an éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh le déanaí, maidir le neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050. Mar shampla, moltar laghdú 36 % go dtí 2030 ar an tomhaltas fuinnimh deiridh, bunaithe ar chás tagartha 2007⁶.

06 Déanann an Coimisiún anailís ar dhul chun cinn comhiomlánaithe na mBallstát i dtreo spriocanna 2020 agus 2030 an Aontais. Léirítear sa mheasúnú is déanaí ar an dul chun cinn go raibh tomhaltas fuinnimh deiridh an Aontais in 2019 2.6 % os cionn sprioc 2020 AE, mar a cuireadh in oiriúint do AE-27 é (féach [Figiúr 2](#))⁷.

Léaráid 2 – Dul chun cinn maidir le gealltanais éifeachtúlachta fuinnimh san Aontas a bhaint amach



Foinse: Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, bunaithe ar shonraí DG ENER, 2020.

⁵ Parlaimint na hEorpa, [Beartais Eorpacha maidir leis an aeráid agus fuinneamh i dtreo 2020, 2030 agus 2050](#), IPOL_BRI(2019)631047.

⁶ Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (athmhúnlú), [COM\(2021\)558 final](#) an 14.07.2021.


⁷ Leathanach 13 den tuarascáil “Staid an Aontais Fuinnimh 2021 – Rannchuidiú le Déileáil Ghlas na hEorpa agus le téarnamh an Aontais”, [COM\(2021\) 950 final](#).

07 Tá spriocanna aonair ag Ballstáit chun a dtomhaltas nó déine fuinnimh a laghdú. Leagadh síos na spriocanna náisiúnta ag Ballstáit agus aird á tabhairt acu ar ghnéithe eacnamaíocha agus struchtúracha, rud a chuidíonn le sprioc fhoriomlán an Aontais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach.

08 Ó 2014 i leith, bhí sprioc ag na tíortha seo a leanas tomhaltas a laghdú; an Bheilg, an Bhulgáir, an Ghearmáin, an Eastóin, an Fhrainc, an Liotuáin, an Ostair agus an tSualainn. Ba cheart do Bhallstáit eile an fás tomhaltais a choimeád nó a shrianadh d'fhonn na spriocanna a bhaint amach.

09 Léiríonn **bhFigiúr 3** go raibh 13 as na 27 mBallstát os cionn a spriocanna tascacha do 2020 in 2019 sula raibh tionchar ag COVID-19. Tá dath buí ar an 13 Bhallstát sin, agus áirítear gach Ballstát a bhfuil sprioc acu a dtomhaltas fuinnimh a laghdú ansin.


Figiúr 3 – Tomhaltas fuinnimh deiridh in 2019 i gcomparáid le sprioc 2020



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí DG ENER (2021).

10 Táthar ag súil le go ndéanfaidh earnálacha éagsúla an gheilleagair rannchuidiú leis an tomhaltas fuinnimh foriomlán a laghdú. Cuireann **Figiúr 4** miondealú ar fáil ar an méid a chuireann gach earnáil leis an laghdú ar thomhaltas fuinnimh san Aontas in 2019 i gcomparáid le 2010. In 2019, d'fhan an tionscal ar an tríú catagóir is mó d'úsáid deiridh fuinnimh in AE-27 le sciar 26 %.

Figiúr 4 – Tomhaltas fuinnimh deiridh AE-27 de réir earnála in 2019 i gcomparáid le 2010



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ó Eurostat agus tuarascáil JRC “Treochtaí maidir le Tomhaltas Fuinnimh agus Éifeachtúlacht Fuinnimh in AE-28, 2000-2018”.

11 Is féidir le fiontair a bheith mar chuid de gach earnáil thuas, cé is moite de theaghlaigh. Sainíonn an Coimisiún fiontar mar aon eintiteas a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch, beag beann ar an bhfoirm dhlíthiúil atá aige⁸. Bainimid úsáid as an sainmhíniú seo ar fud na tuarascála.

⁸ Airteagal 1 den larscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.05.2003, lch. 36).

12 Is í an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh⁹ an phríomhionstraim dlí i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh. Ceanglaítear ar na Ballstáit bearta a chur i bhfeidhm chun an sprioc náisiúnta d'éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach, agus rannchuidiú le spriocanna an Aontais a bhaint amach. Sonraítear bearta maidir le fuinneamh a sholáthar ag Ballstáit ina gcuid Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (NEEAP), chomh maith le fuinneamh a tharchur, a dháileadh agus maidir le hearnáil d'úsáid deiridh fuinnimh¹⁰.

13 Ní mór do na Ballstáit NEEAP a ullmhú agus a chur isteach, ar doiciméid straitéiseacha iad ina leagtar síos cur chuige comhtháite chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ar an leibhéal náisiúnta. Molann siad bearta agus riachtanais tháscacha maoinithe, lena n-áirítear cistí an Aontais¹¹. Cuireann na Ballstáit maoiniú suntasach náisiúnta ar fáil uaireanta, i gcomhréir lena NEEAP, chun tacú leis na bearta atá beartaithe.

14 Tacaíonn an tAontas le feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh i bhfiontair trí shásraí maoiniúcháin breise, amhail cistí beartais chomhtháthaithe nó cistí taighde agus nuálaíochta. Chomh maith leis sin, leagtar síos spriocanna chun tomhaltas fuinnimh an Aontais a laghdú agus faireachán a dhéanamh ar a bhfuil á bhaint amach acu, i gcomhréir leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus an Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide¹². De réir an mheasúnaithe a rinneamar, b'fhiú thart ar EUR 3.8 billiún an maoiniú iomlán a bhí beartaithe ag an Aontas.

⁹ Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le éifeachtúlacht fuinnimh (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1).

¹⁰ Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/242/AE ón gCoimisiún lena mbunaítear teimpléad le haghaidh Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh faoi Threoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 141, 28.5.2013, lch. 48).

¹¹ SWD(2013) 180 final, roinn 3.1.9.

¹² Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

15 Is le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus leis an gCiste Comhtháthaithe (CC) a sheoltar an méid is mó maoinithe ón Aontas le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair. Sin le rá, tá suas le EUR 2.4 billiún beartaithe don tréimhse 2014-2020, arb ionann é agus thart ar 60 % den EUR 3.8 billiún. Téann formhór na gcistí beartais chomhtháthaithe (93 %) trí CFRE agus an chuid eile trí CC.

Ról an Choimisiúin agus na mBallstát

16 Déanann an Coimisiún (Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh) beartas fuinnimh an Aontais a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Cuireann sé tograí le chéile chun éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn, déanann sé maoirseacht ar chur chun feidhme na dtreoracha agus déanann sé faireachán ar dhul chun cinn na mBallstát i dtreo spriocanna fuinnimh.

17 Déanann Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh agus na Ballstáit comhbhainistiú ar CFRE agus CC. Dá bhrí sin, roinneann an Coimisiún an fhreagracht as éifeachtúlacht agus éifeachtacht an scoir leis na Ballstáit.

18 Go praiticiúil, ullmhaíonn na Ballstáit Comhaontuithe Comhpháirtíochta agus Cláir Oibríochtúla (CO), agus ainmneoidh siad údaráis bhainistíochta chun CO a bhainistiú agus a chur chun feidhme. Leagtar amach tosaíochtaí agus an cistiú comhfhreagrach sna cláir oibríochtúla, suas go dtí teorainn an leithdháilte náisiúnta.

19 Ba cheart go mbeadh tosaíochtaí na NEEAP mar bhonn chun cineál na tacaíochta faoin tosaíocht infheistíochta éifeachtúlachta fuinnimh a chinneadh¹³. Féadfaidh na húdaráis bhainistíochta tacaíocht airgeadais faoi na cláir oibríochtúla a eisíoc i bhfoirm deontas nó trí ionstraimí airgeadais (e.g. iasachtaí).

20 Formheasann an Coimisiún na cláir oibríochtúla atá ullmhaithe ag na Ballstáit ag tús na tréimhse airgeadais, agus déanann sé faireachán ar fheidhmiú na gclár sin trí pháirt a ghlacadh i gcoistí faireacháin agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme. Ar deireadh, ba cheart dó meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí an chistithe.

¹³ An Coimisiún Eorpach. [Bileog treorach ar théamaí d'oifigigh deisce – Infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh](#), 2014, roinn 2.1.

Raon feidhme agus cur chuige na hiniúcháireachta

21 Chomhaontaigh an tAontas a uaillmhian i leith na haeráide a mhéadú le déanaí. Chinneamar ár n-anailís a chomhlánú trí scrúdú a dhéanamh ar an tacaíocht a thugtar d'infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair go háirithe, agus trí na príomhchainéal do chistiú AE, sin le rá CFRE agus CC. Rinneamar an méid sin tar éis dúinn breathnú ar thuarascálacha faoi bhearta éifeachtúlachta fuinnimh i dtionscail¹⁴, foirgnimh¹⁵ agus táirgí¹⁶ dianfhuinnimh móra le gairid.

22 Bhí sé mar aidhm againn na sonraí faoi thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh atá cómhaoinithe ag an Aontas a dhéanamh níos inrochtana do gheallsealbhóirí, agus léargais anailíseacha nua a chur ar fáil ar a bhonn.

23 Ba í an phríomhcheist iniúcháireachta ná:

“An raibh cistí bheartas comhtháthaithe an Aontais le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair caite go fónta?”

24 Chun freagra a thabhairt ar an bpríomhcheist iniúchta, d'fhreagraíomar na fo-cheisteanna seo a leanas:

- (a) An ndearna an Coimisiún agus Ballstáit measúnú ar an úsáid is iomchuí do chistí an Aontais agus na cuspóirí éifeachtúlachta fuinnimh á gcur san áireamh?
- (b) Ar bhain Ballstáit úsáid as nósanna imeachta a ligeann dóibh tionscail éifeachtúla a roghnú?

¹⁴ Tuarascáil speisialta 18/2020 – Córas an Aontais Eorpaigh maidir le Trádáil Astaíochtaí: is gá díriú níos fearr ar lamhálaí a leithdháileadh saor in aisce.

¹⁵ Tuarascáil speisialta 21/2012 – Éifeachtúlacht ó thaobh costais de maidir le hinfeistíochtaí an bheartais chomhtháthaithe in éifeachtúlacht fuinnimh agus [tuarascáil speisialta 11/2020](#) – Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh: tá gá fós le fócas níos mó éifeachtúlachta ó thaobh costais de.


¹⁶ Tuarascáil speisialta 01/2020 – Gníomhaíocht an Aontais maidir le hÉicidhearthóireacht agus Lipéadú Fuinnimh: rannchuidiú tábhachtach le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, mar gheall ar mhoilleanna suntasacha agus neamhchomhlíonadh.

- (c) An féidir le torthaí tionscadal léiriú a dhéanamh go bhfuil feabhas tagtha ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair?

25 Dhíríomar ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht maidir le hinfheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh atá comhchistithe ag an Aontas i bhfiontair le linn chlárthréimhse 2014-2020 in AE-27.

26 Rinneamar measúnú ar obair an Choimisiúin agus ar obair na mBallstát araon, agus go háirithe ar an gcaoi ar phleanáil agus ar bhaineadar úsáid as CFRE agus CC le haghaidh cuspóirí éifeachtúlachta fuinnimh, agus tionscadail éifeachtúla agus éifeachtacha á gcur chun cinn. Ar deireadh, rinneamar measúnú ar an gcreat faireacháin agus ar thorthaí iarbhir na dtionscadal cómhaoinithe.

27 Thiomsaíomar liosta de bhreis is 12 000 tionscadal a bhfuil lipéad orthu mar éifeachtúlacht fuinnimh, agus leas á bhaint againn as faisnéis ó na Ballstáit (staid ó dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2020). Tá na tionscadail sin lonnaithe i 22 Bhallstát agus in 83 CO, arna gcistiú trí dheontais iad. Léiríonn **Figiúr 5** mapáil agus ábhar na dtionscadal bunaithe ar a líon. Cuireann **Iarscríbhinn I** forléargas i láthair maidir leis an bhfaisnéis a fuarthas ó na húdaráis maidir leis an tionscadal.

Figiúr 5 – Suíomh an tionscadail

Níl sé beartaithe ag tíortha i ndath liath maidir le maoiniú a chur ar fáil ná tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh a roghnú.


Foinse: CIE, bunaithe ar fhaisnéis tionscadail a fuarthas ó údaráis bhainistíochta.

28 Thugamar faoi deara nach tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh iad 18 % ar a laghad de na tionscadail, arb ionann iad agus 11 % ar a laghad de na cistí a roghnaíodh. Bunaíodh an méid sin ar thuairisc ghairid a chuir na húdaráis ar fáil.

29 Roghnaíomar na tionscadail a cuireadh i gcrích ón liosta tionscadal (thart ar 5 000). Roghnaíomar sampla staidrimh de 198 dtionscadal ón dara ceann agus muid ag baint úsáide as Aonad Airgeadaíochta Sampláil, chun anailís a dhéanamh ar an tacaíocht airgeadais a fuarthas agus ar a rannchuidiú le raon feidhme agus torthaí an tionscadail. Mhaoinigh Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa 195 de na tionscadail a

bhí mar shamplaí ar fud 40 CO agus 16 Bhallstát, agus mhaoinigh an Ciste na trí cinn eile, iad ar fad ó CO amháin de chuid Ballstáit eile. Léiríonn **Figiúr 6** a mapáil agus tugann **Iarscríbhinn II** forléargas ar shaintréithe na dtionscadal a bhí mar shamplaí.

Léaráid 6 – Sampla dár dtionscadail



Foinse: Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, bunaithe ar fhaisnéis tionscadail ó údaráis bhainistíochta agus ó iarratais ar thionscadail.

30 As ár sampla de 198 dtionscadal, thugamar faoi deara go raibh 163 thionscadal infheistíochta san éifeachtúlacht fuinnimh agus 6 thionscadal a bhain le comhairle agus iniúchtaí fuinnimh (an ceann deireanach sa Ghearmáin, sa Liotuáin agus sa tSualainn). B'ionann iad agus 85 % de na tionscadail.

31 Chomh maith leis na tionscadail sin, áiríodh 29 dtionscadal de chineál eile (15 %) inár sampla nach féidir linn a mheas mar éifeachtúlacht fuinnimh, agus ba thionscadail fuinnimh inathnuaite 12 díobh.

32 I gcás na dtionscadal infheistíochta d'éifeachtúlacht fuinnimh a roghnaíodh, rinneamar measúnú ar choigilteas fuinnimh agus a n-éifeachtúlacht trí athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméid tionscadail agus na freagraí suirbhé a cuireadh ar fáil ag tairbhithe. Chuireamar an suirbhé chuig gach tairbhí a bhí mar shampla againn. Bhí sé mar aidhm ag na ceisteanna faisnéis bhreise a bhailiú maidir leis an infheistíocht (i.e. an t-uainiú, an méid úsáide a baineadh as táscairí feidhmíochta airgeadais, an saolré infheistíochta agus an coigilteas fuinnimh a baineadh amach), maidir leis an bhfoinse fuinnimh a úsáideadh agus an costas a bhaineann léi, agus maidir le tuairim na dtairbhithe i ndáil lena úsáidí atá cistí AE dá dtionscadail. Fuaireamar freagraí ó 142 as na 163 thionscadal éifeachtúlachta fuinnimh (87 %).

33 Níor scrúdaíomar tionscadail a maoiníodh go heisiach trí ionstraimí airgeadais agus saincheisteanna a bhaineann le hincháilitheacht, dlíthiúlacht agus rialtacht, lena n-áirítear comhlíonadh na rialacha déine cúnaimh.

Barúlacha

Nascacht doiléir idir maoiniú ón Aontas agus riachtanais fiontraíochta

34 Rinneamar measúnú le féachaint an ndearnadh cistí an Aontais a phleanáil go hiomchuí i bhfianaise na gculpóirí éifeachtúlachta fuinnimh. Measaimid go bhfuil na gnéithe seo a leanas ag pleanáil fhónta:

- (a) aithníonn an Coimisiún acmhainneacht na héifeachtúlachta fuinnimh agus tugann sé údar maith do riachtanais mhaoinithe phoiblí ag fiontair sula ndéanfaidh sé tosaíocht a leagan síos d'éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair;
- (b) tá an cistiú ó na cláir oibríochtúla i gcomhréir leis na cuspóirí atá sainaitheanta in NEEAP;
- (c) spreagann sí go nglacfaí go maith le CO éagsúla;
- (d) is féidir leis na húdaráis údar maith a thabhairt leis an rogha ionstraime cistiúcháin a bhí éifeachtach ó thaobh costais de chun na cuspóirí éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach.

Níor shainaithin an Coimisiún an gá atá le cistí AE

35 Rinneamar measúnú ar obair an Choimisiúin roimh an tosaíocht infheistíochta “éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair” a leagan síos. Rinneamar athbhreithniú ar thorthaí na n-uirlisí samhaltaithe a d’úsáid an Coimisiún (samhail PRIMES) agus ar an Measúnú Tionchair ar CFRE agus CC don tréimhse 2014-2020. Rinneamar iarracht na sonraí faoi phoitéinseal na bhfiontar agus maoiniú poiblí a shainaithint sa chreat caiteachais atá beartaithe.

36 Chuir na huirlisí samhaltaithe sonraí ar fáil maidir le tomhaltas fuinnimh agus an acmhainneacht atá ann le coigilteas fuinnimh a dhéanamh do gach earnáil gníomhaíochta (i.e. foirgnimh, iompar, tionscal) ach ní d’fhiontair go sonrach. Ós rud é go mbailíonn na Ballstáit sonraí staidrimh earnála trí úsáid a bhaint as comhchóras aicmithe Eorpach nach n-aithníonn fiontair i ngach earnáil, tá sé dúshlánach sonraí sonracha a fháil faoi fhiontair.

37 Bhí measúnú tionchair CFRE agus CC níos ginearálta, agus tugadh aghaidh ar leibhéal níos airde, sin le rá na tosaíochtaí téamacha, seachas ar na tosaíochtaí cistiúcháin a bhí beartaithe. Níor thug sé aghaidh ar an acmhainneacht d'fheabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh i bhfiontair, ná níor sainaithníodh riachtanais shonracha maidir le maoiniú poiblí d'fhiontair ina leith sin.

38 Moladh sna Rialacháin maidir le cistí beartais chomhtháthaithe go dtacódh CFRE agus CC le gach fiontar tríd an tosaíocht infheistíochta “éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid fuinnimh inathnuaite a chur chun cinn i bhfiontair”, seachas d'earnálacha ar leith.

39 Ní dhearnadh meastachán sa mheasúnú tionchair ar CFRE agus CC ar rannchuidiú na gcistí sin leis na spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh¹⁷, ná ar fheidhmíocht ionchasach na gcistí a infheistíodh sna fiontair sin.

Leagadh síos cuspóirí atá nasctha le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair ag formhór na mBallstát, ach ní gá go mbeadh siad nasctha le cuspóirí NEEAP

40 Ba cheart do NEEAP a bheith mar bhonn chun an gá atá le tacaíocht airgeadais agus cineál na tacaíochta airgeadais d'éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair a shainaithint, lena n-áirítear foinsí AE. Ba cheart do chistí poiblí go háirithe, réimsí airgeadais ina bhfuil laigí maidir leis na spriocanna a leagtar amach in NEEAP a bhaint amach, agus ba cheart go mbeadh comhleanúnachas láidir ann idir na doiciméid straitéiseacha d'éifeachtúlacht fuinnimh agus doiciméid straitéiseacha CFRE/CC (comhaontú comhpháirtíochta agus CO)¹⁸.

41 Leagann na Ballstáit síos inár sampla “cuspóirí sonracha” ina CO náisiúnta nó réigiúnacha (féach **Bosca 1** le haghaidh na gclár sa sampla). Áirítear cuspóirí a bhaineann go díreach le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair i bhformhór na gclár (73 %). Tá cuid eile (15 %) a bhfuil “cuspóir shonrach” acu agus is féidir a mheas a bheith coibhéiseach: Astaíochtaí CO₂ a laghdú. Leag 12 % dóibh cuspóirí síos a bhí éagsúil go leor le coincheap na héifeachtúlachta fuinnimh i bhfiontair.

¹⁷ Páipéar Inmheánach Oibre de chuid an Choimsiúin [SWD\(2011\) 1138 final](#) an 6.10.2011.

¹⁸ “[Bileog treorach ar théamaí d'oifigigh deisce](#) – Infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh”, 2014.

Bosca 1

Samplaí de “chuspóirí sonracha” CO

Cuspóirí éifeachtúlachta fuinnimh

- Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i bhfiontair (cláir áirithe sa Danmhairg, sa Spáinn, sa Pholainn, sa Phortaingéil agus sa tSualainn).
- Éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid fuinnimh inathnuaite a fheabhsú san earnáil ghnó nó i bhfiontair (an tSeicia, an Ghearmáin, an Iodáil, an Ungáir).
- Coigiltis fuinnimh ó fhiontair a mhéadú (an Ghearmáin, an Chipir, an Laitvia).
- Méadú bliantúil thart ar 5 % ar éifeachtúlacht fuinnimh (an Ostair).
- Déine fuinnimh an gheilleagair (an Bhulgáir) nó i ngléasraí tionsclaíocha (an Liotuáin) a laghdú.

Cuspóirí CO₂ a laghdú

- Astaíochtaí CO₂ i bhfiontar a laghdú (an Ghearmáin, an tSualainn).

Cuspóirí eile nach bhfuil baint acu le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair

- Laghdú ar thomhaltas fuinnimh i gcathracha ina bhfuil níos mó ná 30 000 áitritheoir (an Danmhairg).
- Sciar níos airde de nuálaíochtaí (an Ísiltír, an Pholainn).
- Iomaíochas idirnáisiúnta FBM a mhéadú (an tSlóivéin).

42 Leag NEEAP bearta éifeachtúlachta fuinnimh amach d’earnálacha éagsúla gníomhaíochta sna Ballstáit a chumhdaítear leis an iniúchadh. Ní áirítear anailís shonrach leo ar acmhainneacht agus ar riachtanais fiontar (níl sé sin riachtanach faoin Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh). Ní fhéadfaí na riachtanais arna sainaitheint ag na Ballstáit sna NEEAP a chur san áireamh i gceart agus na cláir oibríochtúla 2014-2020 á ndearadh mar gheall ar chúiseanna ama. Rinneamar tuarascáil ar an méid sin i dtuarascáil speisialta 11/2020 CIE¹⁹.

¹⁹ Tuarascáil speisialta Uimh. 11/2020 ó CIE – Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh: gá fós le haird níos mó ar éifeachtúlacht ó thaobh costais de.

43 Bhí na Ballstáit in ann tacaíocht a chur in oiriúint dá riachtanais shonracha trí thosaíocht níos ginearálta a leagan síos ar leibhéal an Aontais. Mar sin féin, ní raibh nasc soiléir idir tosaíocht infheistíochta na héifeachtúlachta fuinnimh i bhfiontair sna cláir oibríochtúla, agus an measúnú ar riachtanais in NEEAP ag an gcuid is mó de na 17 mBallstát a rinneamar a mheas.

44 Rinne an Bhulgáir agus an tSlóivéin nasc sonrach idir éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair agus NEEAP ina gcláir, rud a bhí eisceachtúil, agus thug an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil agus an Chipir (na seacht gclár sna tíortha sin) isteach an ceanglas go mbeadh tionscadail comhsheasmhach le straitéisí náisiúnta nó réigiúnacha.

45 Maidir leis an gclárthréimhse nua, ceanglaítear go sainráite le Rialachán na bhForálacha Coiteanna²⁰ go gcuirfidh an Coimisiún san áireamh na dúshlán ábhartha a shainithnítear sna Pleananna Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide, agus CO á bhformheas aige. Cuirfear na Pleananna sin in ionad NEEAP in 2021.

Tá laghdú tagtha ar an tacaíocht atá beartaithe le blianta beaga anuas agus tá an chuid is mó de na cistí dírithe i roinnt Ballstát

46 Le Rialachán na bhForálacha Coiteanna 2014-2020²¹, tugtar tús áite do chaiteachas a thacaíonn leis an bhfás, lena n-áirítear caiteachas i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh. Nuair a chinneann na Ballstáit tacaíocht airgeadais a thabhairt d'éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair, ní mór dóibh an maoiniú a dhéanamh

²⁰ Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, lascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).


²¹ Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus lascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus lascaigh (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

atá ag teacht leis na riachtanais shainaitheanta chun an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní i gcreat caiteachais an Aontais.

47 Rinneamar 24 Bhallstát a bheartaigh cistí d'éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair ar fud 110 CO (staid ag tús 2020) a shainaithint, agus seacht gcinn díobh sin as cláir don chomhar críochach (TC).

48 Ar an iomlán, b'ionann na cistí a leithdháileadh don tréimhse i dtús báire agus EUR 2.8 billiún. Mhéadaigh na Ballstáit an méid sin go EUR 3.2 billiún faoi 2016 agus laghdaíodar ansin é go EUR 2.4 billiún in 2020. Léiríonn **Figiúr 7** na hathruithe sin.


Figiúr 7 – Laghdaigh an méid CFRE/CC atá beartaithe d'éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair le himeacht ama (AE-27)



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí SFC (Córas Cumarsáide do Chistí Struchtúracha an Aontais Eorpaigh) ó chláir na mBallstát agus um Chomhar Críochach (TC).

49 B'ionann cúig Bhallstát (AE-27) agus 64 % den leithdháileadh le haghaidh éifeachtúlachta fuinnimh i bhfiontair. Bhí tionscadail roghnaithe go sealadach acu sin arb ionann iad agus 68 % d'iomlán na gcistí. Taispeánann **Figiúr 8** na sonraí.

Figiúr 8 – CFRE/CC beartaithe agus roghnaithe le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair (AE-27)



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí SFC ag deireadh 2020 agus a baineadh as *Infoview* (AS REGIO) in Aibreán 2021.

50 Chlúdaigh 10 CO 55 % d'iomlán na gcistí atá beartaithe d'éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair ar fud 110 CO (féach [Figiúr 9](#)) agus 49 % de na cistí le haghaidh oibríochtaí roghnaithe. Dáiltear a bhfuil fágtha ag na cistí éifeachtúlachta fuinnimh d'fhiontair idir 100 CO eile, a bhfuil leithdháiltí an-bheag acu, i.e. cothrom le nó níos lú ná 2 % den leithdháileadh iomlán AE-27 le haghaidh éifeachtúlachta fuinnimh i bhfiontair.


Figiúr 9 – Miondealú ar chistí atá beartaithe sna Ballstáit agus sna cláir (AE-27)



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí airgeadais SFC ag deireadh 2020.

51 Tá na cláir oibríochtúla tar éis na cistí atá beartaithe d'éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair (105 % de na cistí atá beartaithe) a leithdháileadh go hiomlán ag deireadh 2020, i gcomhréir le sonraí Ballstáit arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin. Maidir leis na 10 CO is mó i bhfianaise na méideanna a bhí beartaithe le haghaidh éifeachtúlachta fuinnimh i bhfiontair, bhí níos mó roghnaithe acu ar an meán ná mar a bhí beartaithe acu (110 %), agus níos mó i gcomparáid leis na 100 CO eile. Roghnaigh na hoibríochtaí deireanacha sin suas go dtí 85 % de na cistí atá beartaithe ar an meán. Taispeánann **Figiúr 10** sciar na gcistí le haghaidh oibríochtaí roghnaithe.

Figiúr 10 – Miondealú ar chistí d'oibríochtaí roghnaithe sna Ballstáit agus i gcláir (AE-27)



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí airgeadais SFC ag deireadh 2020.

Deontais is mó a chuirtear ar fáil sna cláir oibríochtúla, agus níor thugadar údar maith leis an rogha sin

52 Ba cheart do na húdaráis bhainistíochta údar maith a thabhairt leis na hionstraimí cistiúcháin a mheastar a bheith iomchuí chun na cuspóirí beartais a bhaint amach ar bhealach éifeachtúil. Rinneamar scrúdú féachaint ar cuireadh na cúiseanna ar fáil sna cláir oibríochtúla agus ar an gcaoi a bhfuil struchtúr á chur ar na hionstraimí cistiúcháin.

53 Ba cheart do na húdaráis measúnú *ex ante* a dhéanamh agus cinneadh á dhéanamh acu cistí AE a eisíoc trí ionstraimí airgeadais, de réir Rialachán na bhForálacha Coiteanna 2014-2020. Ní gá dóibh údar maith a thabhairt lena rogha féin agus deontais á n-úsáid acu. I roinnt cásanna, mhínigh na húdaráis ina bhfreagraí gur léirigh na measúnuithe *ex ante* an easpa úis tairbhí in iasachtaí, ach níor thug na húdaráis údar maith leis na hionstraimí cistiúcháin a roghnú sna CO. Tá an t-údar sin ag teastáil do Rialachán na bhForálacha Coiteanna 2021-2027²².

54 D'iarramar ar údaráis bhainistíochta chun liosta d'fhaighteoirí deiridh na tacaíochta ó CFRE agus CC trí na hionstraimí sin a chur ar fáil, d'fhone anailís a dhéanamh ar an méid úsáide a bhaintear as ionstraimí airgeadais. Rinneamar anailís freisin ar sciar na n-iasachtaí i dtacaíocht CFRE agus CC.

55 Mheas an Coimisiún ag tús an chláir gur cheart go spreagfadh cistí AE uasinfheistíocht phríobháideach le híosmhéid tacaíochta poiblí, agus gur cheart go dtacódh ionstraimí airgeadais le hinfheistíochtaí a bhfuiltear ag súil le go mbeidh siad inmharthana ó thaobh airgeadais de, cé nach gcuireann an sé cainníochtú ar fáil. Mheas an Coimisiún freisin gur cheart go dtacódh deontais go príomha le hiniúchtaí fuinnimh nó teicneolaíochtaí nuálacha i bhfiontair²³.

56 Le linn an iniúchta, thaispeáin an Coimisiún gur léiríodh leis an taithí a fuair sé ar mhaoiniú éifeachtúlachta fuinnimh gur minic a bhíonn gá le comhpháirt deontais chun cinntí infheistíochta a dhéanamh, fiú amháin mar chuid d'ionstraim airgeadais.

²² Airteagal 22 (3)(b) agus (d)(vii) de Rialachán (AE) 2021/1060.

²³ “Bileog treorach ar théamaí d'oifigigh deisce – Infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh”, 2014.


57 Moladh deontais go heisiach ag an gcuid is mó de na cláir oibríochtúla. Cé gur thug go leor tairbhithe (72 %) le fios gur chuidigh deontas an Aontais leo an cinneadh infheistíochta a dhéanamh, chuir níos mó ná leath (63 %) in iúl go raibh an infheistíocht beartaithe acu cheana féin, agus gur chabhraigh deontas an Aontais lena tráthúlacht a chur chun cinn.

58 B'annamh a bhí nuálaíocht in éifeachtúlacht fuinnimh i measc na gcritéar roghnúcháin (gan ach dhá cheann de na 41 CO inár sampla), ar cheann de na réimsí inar mheas an Coimisiún go raibh gá le deontais, agus bhí tábhacht an-íseal leis an scór foriomlán le linn roghnú na dtionscadal.

59 Níor baineadh úsáid as sásraí eile deontais chomh minic céanna, amhail deontais inaisíochta nó comhcheangail deontas. D'úsáid trí CO inár sampla deontais inaisíochta in dhá Bhallstát chun tacú le tionscadail agus iad nasctha le coinníollacha feidhmíochta áirithe.

60 D'úsáid ocht CO eile in dhá Bhallstát deontais in éineacht le hiasachtaí. Is díol spéise é gur léiríodh 794 thionscadal san Iodáil agus 170 thionscadal san Ungáir ar thacaigh an sásra sin leo sa bhunachar sonraí. Is ionann iad agus 8 % de na tionscadail a fhaigheann deontais.


61 Mhaoinigh seacht CO i gceithre Bhallstát eile roinnt tionscadal go heisiach trí iasachtaí agus tionscadal eile trí dheontais. Ar an iomlán, rinneamar 167 dtionscadal a shainaithint agus tacaíocht eisiach acu ó iasachtaí. Ba é luach iomlán na hiasachta ná EUR 30 milliún, i.e. 1 % d'iomlán na gcistí le haghaidh oibríochtaí roghnaithe. Taispeánann **Figiúr 11** dáileadh iasachtaí i measc tíortha.

Figiúr 11 – Iasachtaí le haghaidh éifeachtúlachta fuinnimh i bhfiontair

Foinse: CIE, bunaithe ar liostaí tionscadal arna seoladh ag na húdaráis bhainistíochta agus ag an mBanc Eorpach Infheistíochta.

62 Fuaireamar amach go ndeachaigh formhór na dtionscadal “fíor”-iasacht CFRE/CC chuig FBM, i.e. níos mó ná 92 % den tsuim iomlán a tugadh ar iasacht. Is beag iasachtaí a thóg fiontair mhóra (1 % d’iomlán na ndaoine a fuair iasachtaí) agus is íseal an sciar de na hiasachtaí iomlána a deonaíodh de na hiasachtaí sin (3 %). Taispeánann **Figiúr 12** na sonraí. Ar an gcaoi chéanna, ba iad FBM formhór na bhfaighteoirí le haghaidh iasachtaí in éineacht le deontais (91 %).

Figiúr 12 – Is iad FBM na príomhfhaighteoirí iasachtaí CFRE/CC



Is éard atá i gceist le FBM ná micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide le chéile, gan idirdhealú de réir méide.

Foinse: CIE, bunaithe ar liostaí tionscadal arna seoladh ag na húdaráis bhainistíochta agus ag an mBanc Eorpach Infheistíochta.

63 Thugamar faoi deara freisin nach raibh conradh le haghaidh tionscadal ar bith déanta ag údaráis bhainistíochta le haghaidh sé CO eile sa bhunachar sonraí tionscadail, a bhí tar éis breithniú a dhéanamh ar ionstraimí airgeadais a úsáid faoi mhí Iúil 2020, an dáta dár n-iarratas deiridh ar fhaisnéis. Is sa Bhulgáir, sa Ghearmáin, sa Spáinn, sa Chróit, i Málta agus sa tSlóvaic atá na cláir oibríochta sin.

64 Ar deireadh, rinneamar anailís ar an sciar de chistí poiblí agus príobháideacha sa sampla agus sa bhunachar sonraí de thionscadail. Fuaireamar amach gur tháinig beagán níos mó ná leath de na costais incháilithe iomlána ó fhoinsí príobháideacha (52 %) don phéire. Ba chistí poiblí iad an chuid eile. Is ionann CFRE agus CC agus formhór na gcistí poiblí a úsáideadh in oibríochtaí roghnaithe (86 %).

Is minic a spreagtar éifeachtúlacht le nósanna imeachta na mBallstát

65 Rinneamar measúnú féachaint ar spreag na nósanna imeachta roghnúcháin éifeachtúlacht agus éifeachtacht tionscadal maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Is éard a bhí i gceist lenár gcuid oibre ná athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar na nósanna imeachta roghnúcháin, bunaithe ar shampla an 163 thionscadal d'éifeachtúlacht fuinnimh.

66 Measaimid gur cheart na nithe seo a leanas a bheith ann do nósanna imeachta roghnúcháin atá fóna:

- (a) ceangal go gcuirfear isteach agus go ndéanfar coigilteas fuinnimh a fhíorú, san iarratas agus tar éis an tionscadal a chríochnú, i gcás na dtionscadal infheistíochta d'éifeachtúlacht fuinnimh;
- (b) cead a thabhairt do na húdaráis bhainistíochta chun tionscadail infheistíochta éifeachtacha agus éifeachtúla a roghnú;
- (c) roghnú tionscadal éifeachtúil a bheith ann ag an deireadh;
- (d) sonraí iomchuí a úsáid mar chritéir.

I bhformhór na nósanna imeachta roghnúcháin bíonn gá le hiarratais chun an coigilteas fuinnimh a bhfuiltear ag súil leis a chur san áireamh, rud a dhéantar bailíochtú air de ghnáth trí iniúchtaí fuinnimh


67 Rinneamar measúnú ar na nósanna imeachta roghnúcháin chun a fhíorú ar iarradar meastacháin chainníochtaithe ar choigilt fuinnimh a chur san áireamh sna hiarratais. Rinneamar scrúdú ansin féachaint an raibh an coigilteas a rabhthas ag súil leis san áireamh sna hiarratais tionscadail, agus an ndearnadh bailíocht ar na costais sin ag saineolaithe neamhspleácha nó iniúchtaí fuinnimh.

Tá na coigiltis lena bhfuiltear ag súil i measc na n-iarratas

68 I gcás na dtionscadal éifeachtúlachta fuinnimh ar fad inár sampla, ba ghá do na hiarratais an coigilteas fuinnimh a bhfuiltear ag súil leo a chur san áireamh sna hiarratais, agus an coigilteas CO₂ a mheastar a bheith i gceist an chuid is mó den am.

69 Tugann *Figiúr13* roinnt léargas ar an miondealú de réir earnála ar an meánchoigilteas fuinnimh a bhfuiltear ag súil leis de chuid na dtionscadal éifeachtúlachta fuinnimh sa sampla, bunaithe ar na meastacháin sna hiarratais. Mar a rabhthas ag súil leis, léiríonn sé go mbaintear coigilteas fuinnimh iomlán i bhfad níos airde amach ar an meán maidir le fiontair mhóra, ná FBM i dtionscal, agus go mbaineann fiontair thionsclaíocha coigiltis níos mó amach i gcomparáid leo siúd atá ag feidhmiú i seirbhísí. Chuimsíomar eintitis ó earnála poiblí a dhéanann gníomhaíochtaí tráchtála, arna n-aicmiú ag na húdaráis mar ghnóthais.

Figiúr 13 – Meánchoigilteas fuinnimh bliantúil atá measta dár sampla



Cineál fiontair agus earnála	Meánchoigilteas fuinnimh atá beartaithe MWh/bliain
FBM	1 112
Tionscal	1 185
Éifeachtacht fuinnimh	1 204
Éifeachtúlacht fuinnimh agus foinsí inathnuaite fuinnimh atá comhtháite	992
Seirbhísí poiblí	2 280
Éifeachtacht fuinnimh	2 280
Seirbhísí tráchtála	698
Éifeachtacht fuinnimh	763
Éifeachtúlacht fuinnimh agus foinsí inathnuaite fuinnimh atá comhtháite	561
Fiontair mhóra	9 393
Tionscal	10 464
Éifeachtacht fuinnimh	10 464
Seirbhísí tráchtála	298
Éifeachtacht fuinnimh	298

Foinse: CIE, bunaithe ar iarratais ar thionscadail agus ar iniúchtaí fuinnimh *ex ante* le haghaidh na dtionscadal éifeachtúlachta fuinnimh sa sampla.

70 Bhí gá le formhór na dtionscadal (88 %) freisin chun a gcoigilteas CO₂ a chur san áireamh san iarratas. Ní raibh laghduithe astaíochtaí deimhnithe de dhíth ar na húdaráis, cé is moite de chúpla eisceacht. Ní dhearna 20 tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh eile meastachán ar a gcoigilteas CO₂.

Go ginearálta, déanann saineolaithe neamhspleácha nó iniúchtaí fuinnimh na coigiltis lena bhfuiltear ag súil a bhailíochtú, ach ní minic a bhíonn torthaí iarbhir ann

71 Soláthraíonn iniúchtaí fuinnimh faisnéis atá soiléir agus fíoraithe go neamhspleách, agus a chuireann ar chumas fiontar a n-acmhainneacht coigilte fuinnimh a shainaithint. Ceanglaíonn an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh ar fhiontair mhóra iniúchtaí fuinnimh a dhéanamh agus ar údaráis na mBallstát FBM a spreagadh le dul faoi iniúchtaí fuinnimh, mar shampla, trí scéimeanna tacaíochta a chur ar bun chun costais iniúchta fuinnimh a chlúdach agus moltaí atá éifeachtach ó thaobh costais de ó na hiniúchtaí fuinnimh a chur chun feidhme.

72 Inár sampla, chuir formhór na n-údarás de cheangal ar thairbhíthe coigilteas fuinnimh ionchais na hinfheistíochta cistithe a bhailíochtú. Mar thoradh air sin, dheimhnigh iniúchtaí fuinnimh *ex ante* nó tuarascálacha ó shaineolaithe neamhspleácha an coigilteas fuinnimh a rabhthas ag súil leis i gcás fhormhór na dtionscadal (87 %). Ní raibh gá le tionscadail léiriú a dhéanamh gur gníomhaíochtaí costéifeachtúla a bhí sna hinfheistíochtaí atá beartaithe mar thoradh ar iniúchadh fuinnimh.

73 Rinne 90 % tuairisc ar thairbhíthe torthaí an tionscadail tar éis é a chur i gcrích, agus bhain 66 % an coigilteas a bhí pleanáilte amach nó níos mó ná sin, agus bhí 24 % níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis. Bhí measúnú neamhspleách *ex post* ag níos lú ná an ceathrú cuid (23 %) de na tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh chun na figiúirí a cuireadh ar fáil a fhíorú.

Go ginearálta, leagann na húdaráis bhainistíochta síos caighdeáin feidhmíochta íosta

74 Ba cheart do chaiteachas poiblí tionscadail éifeachtúla agus éifeachtacha a chistiú chun tionchar na n-acmhainní teoranta a uasmhéadú, agus laghduithe ar chostais a chur san áireamh freisin.

75 Tá tábhacht ag baint le caighdeáin agus infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh á gcinneadh. Ba cheart go mbeadh nósanna imeachta roghnúcháin go háirithe i gcomhréir le caighdeáin éifeachtúlachta fuinnimh AE, nó náisiúnta agus réigiúnacha, agus le tosaíochtaí CO.

76 Leagtar amach foirgnimh²⁴ agus caighdeáin thionsclaíocha²⁵ i ndlí an Aontais Eorpaigh, ach níl aon chaighdeán sonrach ann d'fhiontair ar fud an Aontais. Mar sin féin, éascaíonn an Coimisiún malartú dea-chleachtas do thionscadail infheistíochta maidir le fuinnimh inbhuanaithe. Sampla de sin is ea an tArdán don Riosa Éifeachtúlachta Fuinnimh a mhaolú (DEEP), tionscnamh le foinse oscailte atá á choinneáil ag an gCoimisiún le hinstiúidí airgeadais. Áirítear leis sin faisnéis ón mbun aníos ó thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh ar fud an Aontais, amhail am aisíoca agus meánchostas seachanta maidir le coigiltis fuinnimh. Bhaineamar úsáid as an mbunachar sonraí seo mar thagarmharc inár n-anailís tionscadail.

77 Cuireadh roghnú na dtionscadal chun cinn sna glaonna uile a ndearnadh anailís orthu i mBallstáit, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sna cláir oibríochtúla faoi seach. Roghnaigh na húdaráis 141 thionscadal éifeachtúlachta fuinnimh sa sampla as an méid 163 uilig (87 %), faoi ghlaonna a éilíonn íoschoigiltis fuinnimh i gcomparáid leis an gcás roimhe sin nó i gcomparáid leis na caighdeáin náisiúnta.

78 Thugamar faoi deara go bhfuil éagsúlacht shuntasach idir na cláir oibríochtúla maidir lena n-íosriachtanais choigiltis fuinnimh faoi na CO agus maidir lena leibhéal uailmhéine. Cuireann **Bosca 2** samplaí i láthair de chaighdeáin a bhaineann go sonrach le clár i gcomhair na n-íoschoigilteas fuinnimh.

²⁴ Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L 153, 18.6.2010, lch. 13) agus Moladh (AE) 2016/1318 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2016 maidir le treoirlínte le haghaidh foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh a chur chun cinn, agus dea-chleachtais chun a áirithiú gur foirgnimh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh atá i ngach foirgneamh nua faoi 2020.

²⁵ Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17) agus Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

Bosca 2

Samplaí de na ceanglais íosta maidir le coigilteas fuinnimh

Infheistíochtaí táirgiúla/tionscal táirgiúil:

- Éifeacht dheimhnithe coigiltis fuinnimh 5 % ar a laghad don bheart faoin iniúchadh fuinnimh (an Bhulgáir).
- Ní mór d'fheabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh an tomhaltas fuinnimh phríomhúil a laghdú 10 % ar a laghad. I gcás córais aisghabhála téimh/fuaraithe, ní mór ráta aisghabhála 70 % ar a laghad a bheith acu (an Ghearmáin).
- Sciar de choigilteas fuinnimh a bhaint amach i gcomparáid le tomhaltas fuinnimh phríomhúil atá níos mó ná nó cothrom le 10 % (an Iodáil).
- Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 25 % ar a laghad mar thoradh ar chur chun feidhme an tionscadail (an Pholainn).

Foirgnimh fiontar:

- Bearta éifeachtúlachta fuinnimh a théann níos faide ná na caighdeáin dhlíthiúla (an Ghearmáin agus an Fhrainc).
- Coigilt 40 % ar a laghad do shoilsiú, 5 % do chórais thionsclaíocha, mhonaraíochta, córais atá bunaithe ar bhithmhais, agus 20 % do théamh agus fuarú (an Spáinn).
- Athchóiriú mór chun íosaicme fuinnimh B a bhaint amach sa teastas feidhmíochta fuinnimh (an teastas feidhmíochta fuinnimh) nó coigilteas de níos mó ná 40 % d'ídiú iomlán fuinnimh an fhoirgnimh (an Chipir).
- Maidir leis an tomhaltas fuinnimh theirmigh atá beartaithe do théamh tar éis bearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme, ní sháróidh sé 110 kWh/m² in aghaidh na bliana (an Laitvia).

Foinse: Coinníollacha iarratais agus seicliostaí roghnúcháin ó raon CO a bhfuil iniúchadh déanta orthu.

79 In 11 CO i sé Bhallstát, leag na húdaráis uasteorainn síos maidir le coigilteas CO₂ sna critéir roghnúcháin. Bhí 25 as na 163 dtionscadal éifeachtúlachta fuinnimh go sonrach faoi réir na gcritéar roghnúcháin sin (15 %).

80 Agus úsáid na gcaighdeán feidhmíochta á scrúdú againn, thugamar faoi deara gur roghnaíodh 76 % de na tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh (124 as 163) nuair a leagadh amach critéir éifeachtúlachta a chur costais agus coigilteas fuinnimh san áireamh (féach samplaí i [mBosca 3](#)).

Bosca 3

Samplaí de chritéir éifeachtúlachta a úsáidtear i roghnú tionscadal

- Uasmhéid na gcistí a deonaíodh do gach kWh/MWh/GJ a shábháil in aghaidh na bliana (an tSeicia, an Ghearmáin, an Laitvia, an Ostair).
- Cóimheas fuinnimh agus costais, i.e. roghnú na dtionscadal is fearr rangú (an Bhulgáir, an Spáinn).
- Íosmhéid fuinnimh a spárálfar i mbliain amháin in aghaidh an mhilliúin euro a infheistíodh (an Spáinn).
- Cóimheas costais is tairbhe, i.e. roghnú na dtionscadal is fearr rangú (an Iodáil).

Is féidir le hinfheistíocht a dhéanamh in éifeachtúlacht fuinnimh a bheith éifeachtúil gan tacaíocht phoiblí

81 Le hanailís a dhéanamh ar éifeachtúlacht fhoriomlán an tionscadail, chuireamar comparáid idir an costas a bhaineann le haonad fuinnimh amháin a shábháil dár dtionscadail le tagarmharcanna ábhartha. D’aimsíomar an fhaisnéis maidir leis an meánchostas a bhaineann le fuinneamh a spáráil i mbunachar sonraí DEEP agus maidir le costas leictreachais, an fhoinsé fuinnimh a úsáideann na tairbhíthe samplacha den chuid is mó, mar thagarmharcanna ábhartha dár dtionscadail.

82 Bhí meánluach EUR 104/MWh²⁶ ar chostas leictreachais in 2020 agus i gcás úsáideoirí neamhtheaghlaigh in AE-27. Eisiatar cánacha inghnóthaithe agus CBL ón gcostas sin.

²⁶ De réir Eurostat, sonraí ó 2020.


83 Rinneamar an coigilteas fuinnimh a bhain le gach euro infheistithe a ríomh ar dtús, i gcás gach tionscadail, chun ár gcomparáid a dhéanamh. Is é sin an cóimheas idir an coigilteas iomlán fuinnimh arna bhaint amach thar an saolré infheistíochta agus na costais iomlána atá incháilithe don tionscadal.

84 Fuaireamar an inbhéartach ansin, i.e. na costais chun MWh amháin de choigilteas fuinnimh a bhaint amach (ar a dtugtar “costas seachanta”), agus na coigiltis charnacha le linn shaolré na dtionscadal á gcur san áireamh. Tá an ríomh cosúil leis an ríomh a úsáidtear do thionscadail bhunachar sonraí DEEP.

85 D’aithníomar gurb é EUR 56 an meánchostas seachanta ar gach tionscadal, bunaithe ar na sonraí sin. Ba é EUR 57 an meánchostas seachanta ar FBM agus EUR 34 ar fhiontair mhóra.

86 Léiríonn [Figiúr 14](#) gurb ionann na meánchostais chun MWh amháin de choigilteas fuinnimh a bhaint amach (EUR 56) agus leath an mheánchostais leictreachais (EUR 104). Léirigh anailís níos doimhne go raibh luachanna maidir le meánchostais seachanta faoi bhun phraghas an leictreachais freisin ar leibhéal na gclár oibriúcháin ar an bhformhór (28 as 30 i gcás tionscadal éifeachtúlachta fuinnimh).

Figiúr 14 – Comparáid idir na meánchostais seachanta do na tionscadail arna sampláil le praghas leictreachais agus tagarmharcanna AE, de réir chineál an fhiontair




Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí Eurostat, sonraí tionscadail samplála agus luachanna DEEP.

87 Léiríonn an toradh sin go raibh tionscadail éifeachtúla ar fud an domhain. Bhí sé níos éifeachtaí ó thaobh costais de infheistiú chun fuinneamh a spáráil ná íoc as leictreachas go háirithe, fiú amháin in éagmais deontais ón Aontas.

88 Mar sin féin, ní raibh na tionscadail a scrúdaíomar chomh héifeachtach le tionscadail DEEP ar an meán (féach [Figiúr 14](#) agus [Figiúr 15](#)). Bhí na meánchostais seachanta do na tionscadail samplála níos airde ná an meánluach DEEP go háirithe (d'fhiontair mhóra agus do FBM nó do thionscal agus d'fhoirgnimh).

Figiúr 15 – Comparáid idir na meánchostais seachanta do na tionscadail arna sampláil le praghas leictreachais agus tagarmharcanna AE, de réir chineál an fhiontair



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí Eurostat, sonraí tionscadail samplála agus luachanna DEEP.

Táscairí airgeadais, uirlisí cumhachtacha feidhmíochta a ndearna údaráis bhainistíochta faillí orthu

89 Bhain formhór na dtairbhithe a thug freagra ar an suirbhé úsáid as critéir feidhmíochta airgeadais chun a dtionscadal féin a mheasúnú:

- (a) Am aisíoca: (73 % de na tairbhithe).
- (b) Ráta Toraidh Inmheánach (45 % de na tairbhithe).
- (c) Glanluach Láithreach (38 % de na tairbhithe).
- (d) Táscairí lena ndéantar measúnú ar na buntáistí a bhaineann le níos lú cothabhála, níos mó táirgiúlachta, níos lú seirbhísí comhthaobhacha eile, deimhniú comhshaoil etc. (40 % de na tairbhithe).

90 Bhain roinnt údarás bainistíochta úsáid as táscairí airgeadais agus measúnú á dhéanamh acu ar fhiúntas an tionscadail. Dhíríomar ár n-anailís ar an úsáid a bhaint as an am aisíoca, an táscaire airgeadais is minice a úsáidtear ag na tairbhithe.

91 Murab ionann agus na tairbhíthe, d'úsáid na húdaráis an t-am aisíoca i measúnú tionscadail in dhá cheann amháin de na 30 clár oibríochtúla le tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh. Ní bhfaigheadh ach tionscadail a bhfuil a n-uaireanta aisíoca thar theorainn áirithe (e.g. dhá bhliain) maoiniú go háirithe. Níor shocraigh na húdaráis uasteorainn leis na hamanna aisíoca chun a fháil amach an raibh tionscadail indéanta.

92 Rinneamar measúnú ar an tionchar a bheadh ag an am aisíoca a úsáid le linn roghnú ar éifeachtúlacht tionscadail. Ar dtús, mheasamar an t-am aisíoca maidir leis na hinfheistíochtaí trí úsáid a bhaint as na sonraí arna soláthar ag na tairbhíthe. Bhaineamar úsáid as an gcostas iomlán incháilithe roinnte ar an gcoigilteas ar chostais bhliantúla a eascraíonn ó choigilteas fuinnimh arna soláthar sna feidhmchláir, i gcás ina bhfuil sé ar fáil. Sa chás nach bhfuil, mheasamar an coigilteas costais sin bunaithe ar phraghas an fhuinnimh agus ar an méid fuinnimh a shábhálfar in aghaidh na bliana. Níor chuireamar san áireamh sochair bhreise agus coigilteas costais a ghintear leis na sochair sin, ós rud é gurb é príomhchuspóir na gcistí éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.

93 Bhíomar in ann am aisíoca a mheas do 150 de na 163 thionscadal éifeachtúlachta fuinnimh rinneamar sampláil orthu. As an 150 tionscadal le meastacháin ar amanna pá, chuir 132 faisnéis ar fáil freisin maidir leis an saolré infheistíochta.

94 Rinneamar comparáid ar na hamanna aisíoca atá measta leis an saolré infheistíochta do na tionscadail sin uile. Thugamar faoi deara go raibh 6 % díreach os cionn an tsaoilré sin (níos lú ná 10 % sa difríocht) agus go raibh an tríú chuid (29 %) measta maidir le hamanna aisíoca i bhfad níos faide ná an saolré infheistíochta.

95 Ós rud é gur dócha nach mbeadh na tionscadail dheireanacha inmharthana ó thaobh airgeadais de, spreag sé sin muid chun mionanailís a dhéanamh ar a n-éifeachtúlacht. Rinneamar imscrúdú ar an tionchar a bhí acu sin ar an meánchostas seachanta fuinnimh, bunaithe ar na hamanna aisíoca measta agus ar an saolré infheistíochta go háirithe.

96 Ríomhamar an meánchostas a bhaineann le haonad amháin (MWh) fuinnimh a shábháil in dhá chéim:


- (a) Ag tosú le gach euro a infheistíodh, amhail sampláil aonad airgeadaíochta, ríomhamar an meánfhuinneamh in aghaidh an euro a infheistíodh don daonra nó don fhodhaonra (MWh/EUR) ar dtús.
- (b) Ríomhamar ansin an meánchostas a bhaineann le haonad fuinnimh amháin a shábháil (nó “costas seachanta”), don daonra nó don fhodhaonra céanna leis an luach inbhéartach den mhéid atá thuas (EUR/MWh).

97 Rinneamar anailís ar na 132 thionscadal a raibh againn na sonraí go léir is gá maidir le costais seachanta, aisíoc agus tréimhsí saoil infheistíochta. D'aithníomar trí chatagóir (fodhaonra) de thionscadail, arb iad seo a leanas a n-uaireanta aisíoca measta:

- (a) níos giorra ná an saolré infheistíochta (86 thionscadal);
- (b) beagán níos faide ná saolré na hinfheistíochta, i.e. an difríocht suas le 10 % (8 dtionscadal);
- (c) níos faide ná saolré na hinfheistíochta, i.e. níos mó ná 10 % de dhifríocht (38 dtionscadal).

98 Thugamar faoi deara gur tháinig méadú suntasach ar mheánchostais seachanta fuinnimh nuair a bhí tréimhsí aisíoca níos faide ná an saolré infheistíochta (féach [Figiúr 16](#)). Cuireann sé sin amhras ar an gcaoi a n-úsáidtear cistí an Aontais do na tionscadail sin.

Figiúr 16 – Athrú ar chostas seachanta leis an am aisíoca




Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ó iarratais ar thionscadail agus ó fhreagraí tairbhíthe.

99 Bhí na costais i bhfad níos lú ná an meán (EUR 26) i gcás na dtionscadal a raibh a n-uaireanta aisíocaíochta an-ghearr, i.e. níos lú ná cúig bliana. Cuireann sé sin amhras ar an ngá atá le deontais ón Aontas chun iad a fhorbairt.

100 Rinneamar anailís freisin ar an gcaoi a raibh tionchar ag an gcuidreamh idir am aisíoca agus saolré infheistíochta ar an meánchostas seachanta CO₂ do na 129 dtionscadal a raibh na sonraí go léir againn, bunaithe ar na fo-dhaonraí céanna le costais seachanta fuinnimh (le tionscadail 85, 8 agus 36 faoi seach). Thugamar faoi deara an treocht chéanna, mar a léirítear i [bhFigiúr 17](#) thíos.

Figiúr 17 – Gaol idir amanna aisíoca, saolré infheistíochta agus costais seachanta CO₂



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ó iarratais ar thionscadail agus ó fhreagraí tairbhithe.

101 Ar deireadh, rinneamar anailís ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na critéir éifeachtúlachta atá leagtha amach ag na húdaráis chun costas coigiltis fuinnimh agus CO₂ a theorannú thar shaolré na hinfheistíochta. D'fhéachamar lena shainaithint go háirithe an bhfuil éifeachtúlacht tionscadail á cur chun cinn ag na critéir sin.

102 As na 124 thionscadal atá faoi réir critéir éifeachtúlachta fuinnimh, i.e. táscairí lena ndéantar measúnú ar an gcóimheas idir costais agus coigilteas fuinnimh, chuir 107 dtionscadal dóthain sonraí ar fáil chun gur féidir linn costais seachanta a ríomh. Maidir leis na 39 dtionscadal nach bhfuil faoi réir na gcritéir sin, bhí sonraí leordhóthanacha ag 35 acu le cur ar ár gcumas na costais seachanta a ríomh.

103 Maidir leis na 142 thionscadal a raibh na sonraí go léir ba ghá againn ina leith, thugamar faoi deara nach raibh meánchostas seachanta i bhfad níos ísle mar thoradh ar chritéir éifeachtúlachta a úsáideadh le linn an roghnaithe. Bhí meánchostas EUR 34 i gceist leis na tionscadail atá faoi réir na gcritéir sin (107), agus bhí meánchostas seachanta fuinnimh EUR 37 ag na tionscadail nach bhfuil faoi réir tairseacha (35).

104 Rinneamar anailís freisin ar an nasc idir na costais seachanta a bhaineann le CO₂ agus critéir maidir le héifeachtúlacht costais CO₂ a leagan síos. Bhí 25 as na 163 thionscadal éifeachtúlachta fuinnimh faoi réir na gcritéir sin. Thugamar faoi deara nár laghdaíodh na meánchostais seachanta CO₂ trí chritéir na héifeachtúlachta CO₂ ó thaobh costais de a leagan síos, agus muid ag baint úsáide as an modheolaíocht chéanna mar atá thuas.

105 Tháingamar ar an gconclúid gur beag an tionchar a bhí ag úsáid critéir éifeachtúlachta a chuireann srian ar chostas fuinnimh agus CO₂ ar na meánchostais fuinnimh ná costais seachanta CO₂ a laghdú. Os a choinne sin, dá n-úsáidfí an t-am aisíoca mar chritéir breise chun tionscadail a roghnú, bheadh sé níos éasca cistí an Aontais a threorú chuig tionscadail indéanta agus éifeachtúlacht na gcistí a mhéadú (agus costais choigiltis fuinnimh a laghdú). I dtuarascáil speisialta CIE 11/2020, moladh meascán critéir a úsáid maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh.

106 Dá mbainfí úsáid as na critéir feidhmíochta sin, dhéanfaí cinneadh na n-údarás a éascú maidir le hionstraim chistiúcháin oiriúnach nó an gá le cistí poiblí. I gcás tionscadal a bhfuil aga aisíocaíochta an-ghearr agus costais ísle seachanta ag baint leo, bheadh iasachtaí ar an rogha is éifeachtaí ó thaobh costais de; is dócha go dtarlódh na tionscadail sin fiú in éagmais deontais ón Aontas. Os a choinne sin, measaimid nach raibh tacaíocht an Aontais oiriúnach do na tionscadail nach bhfuil chomh héifeachtúil sin (féach mír [94](#)).

Leis an gcreat feidhmíochta atá ann faoi láthair, ní dhéantar tomhas ar ranníocaíocht fhoriomlán chistiú an Aontais

107 Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar thorthaí na gclár oibríochtúil, bunaithe ar na spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a raibh súil aige leis a bhaint amach le CFRE agus CC chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais coigilte fuinnimh na bhfiontar ar an leibhéal domhanda.

Leis an gcreat comhchoiteann feidhmíochta, ní raibh rochtain ar fhaisnéis chomhdhlúite maidir le haschuir agus torthaí a bhí ar fáil

108 Leis na Rialacháin CFRE agus CC 2014-2020 bunaíodh creat coiteann feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar na torthaí a eascraíonn as cistiú an Aontais. I gcás roinnt de chomhthosaíochtaí infheistíochta an Aontais, i.e. éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh nó tionscadail fuinnimh inathnuaite, bunaíodh leis na Rialacháin sraith táscairí coiteanna lenar féidir faireachán a dhéanamh ar aschuir agus ar thorthaí (féach [Bosca 4](#)).

Bosca 4

Comhtháscairí um fhuinnimh

Fuinneamh inathnuaite

- Acmhainn bhreise maidir le fuinneamh inathnuaite a tháirgeadh (*Mega Watt/MH*).

Éifeachtacht fuinnimh

- Líon na líonta tí a bhfuil aicmiú ídithe fuinnimh feabhsaithe acu.
- Laghdú ar an bpríomhthomhaltas fuinnimh bliantúil i bhfoirgnimh phoiblí (kWh/bliain).

109 Maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair, níor socraíodh comhtháscairí sonracha sa Rialachán. Mheas an Coimisiún go raibh sé dúshlánach na tionchair coigilte fuinnimh maidir leis na bearta don éifeachtúlacht fuinnimh a chainníochtú agus iad bunaithe ar ríomh ón mbun aníos agus nach féidir ach comhfhogasú a bheith i gceist le bearta breise a chur leis²⁷.

²⁷ Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin "Measúnú Tionchair a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2012/27/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh" [SWD\(2016\) 405 final](#), 30.11.2016.

110 Tar éis dó na cláir oibríochtúla a fhorghnó, mheas an Coimisiún go rannchuideodh cistí an bheartais chomhtháthaithe le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú thart ar 30 milliún tona CO₂ agus go gcuirfí cistí ar fáil d'éifeachtúlacht fuinnimh agus tionscnaimh ísealcharbóin eile i dtuairim is 57 000 fiontar in AE-28²⁸. Ní féidir leis an bhfaisnéis sin tairbhí eisiacha na dtionscadal éifeachtúlachta fuinnimh a shainaithint.

111 In éagmais chomhtháscairí an Aontais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh le haghaidh fiontar, mhol na húdaráis bhainistíochta táscairí toraidh agus aschuir a bhaineann go sonrach leis an gclár. Tomhaiseann formhór na dtáscairí coigilteas fuinnimh nó an laghdú ar dhéine fuinnimh. Bhain roinnt de na húdaráis úsáid as an gcomhtháscaire feidhmíochta lena dtomhaistear laghdú na n-astaíochtaí CO₂ chun aschur atá feabhsuithe maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a chainníochtú.

112 Ar leibhéal CO, tá na táscairí a bhaineann go sonrach leis an gclár difriúil ó chlár amháin go clár eile de réir sainmhínithe (féach [Bosca 5](#)). Uaireanta fiú idir CO sa Bhallstát céanna (e.g. an Ghearmáin agus an Iodáil). Ina theannta sin, is táscairí comhthéacs iad cuid acu, lena gcuirtear sonraí i láthair don gheilleagar iomlán seachas táscairí aschuir nó toraidh a bhaineann leis na tionscadail.

Bosca 5

Tá táscairí éifeachtúlachta fuinnimh éagsúil ó chlár go chéile.

Samplaí de tháscairí toraidh:

- Déine fuinnimh an gheilleagair, i gcoibhneas tonnaí ola (toe) in EUR 1 000 de OTI (an Bhulgáir).
- Táirgiúlacht tráchtearraí ag praghsanna reatha (OTI/tomhaltas na n-amhábhair), EUR 1 000/tona (an Ghearmáin).
- Déine deiridh fuinnimh, ktoe/milliún EUR (an Spáinn).
- Ídiú leictreachais i bhfiontair thionsclaíocha, GWh (an Iodáil).
- Coigilteas fuinnimh phríomhúil in earnáil na fiontraíochta (seirbhísí agus earnáil na tionsclaíochta – nach-ETS iad), toe (an Chipir).

²⁸ "Rannchuidiú Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa le 10 dtosaíocht an Choimisiúin: Aontas Fuinnimh agus Aeráide", An Coimisiún Eorpach, 2015.

- Déine fuinnimh i monarú (ag praghsanna tairiseacha 2010), coibhéis ola kg / EUR 1 000 (an Laitvia).
- Thomhaltas fuinnimh phríomhúil, PJ (an Ungáir).
- Úsáid fuinnimh deiridh in aghaidh an bhreisluacha i gcás cuideachtaí tionsclaíochta beaga agus meánmhéide, MWh/milliún SEK (an tSualainn).

Samplaí de tháscairí aschuir:

- Líon na n-íniúchtaí fuinnimh a rinneadh (an Bhulgáir).
- Laghdú measta bliantúil ar thomhaltas fuinnimh, GJ (an Danmhairg).
- Laghdú ar thomhaltas fuinnimh phríomhúil sna cuideachtaí ar tugadh fóirdheontais ina leith, kWh/bliain (an Ghearmáin).
- Laghdú ar thomhaltas fuinnimh deiridh na mbonneagar poiblí agus na bhfiontar, Ktoe/bliain (an Spáinn).
- Laghdú ar thomhaltas fuinnimh phríomhúil go bliantúil sna gníomhaíochtaí táirgiúla, toe (an Iodáil).
- Coigilteas fuinnimh d'oibreoirí eacnamaíocha a fhaigheann tacaíocht, Mwh/bliain (an Laitvia).
- Laghdú ar thomhaltas fuinnimh phríomhúil bainte amach trí fheabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh le cabhair neamh-inaisíochta, PJ/bliain (an Ungáir).
- Thomhaltas fuinnimh laghdaithe ag cuideachtaí agus eagraíochtaí atá rannpháirteach i dtionscadail, Mwh (an tSualainn).

113 I gcomhréir leis na táscairí aschuir a bhaineann go sonrach leis an gclár, chuir roinnt tionscadal meastacháin ar choigilteas fuinnimh phríomhúil san áireamh san iarratas, chuir tionscadail eile coigilteas deiridh san áireamh, agus ní dhearna tionscadail eile (nach iad) sonrú ar an gcineál meastacháin a chuireadar ar fáil.

114 San fhoirm ina bhfuil siad faoi láthair, ní féidir aschuir ná torthaí ar leibhéal an Aontais a chomhiomlánú ná faisnéis a fháil maidir le rannchuidiú na dtionscadal leis na hoibleagáidí coigiltis fuinnimh, toisc nach mbailíonn na Ballstáit an cineál céanna sonraí atá imdhealaithe.

115 Do chlárthréimhse 2021-2027, bunaítear táscairí feidhmíochta coiteanna leis an Rialachán²⁹ CFRE agus leis an Rialachán CC maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Bhí roinnt táscairí den sórt sin sa togra tosaigh, mar a léirítear i **mBosca 6**, ach de réir mar a forbraíodh iad le linn an nós imeachta comhchinnteoireachta, coinnítear táscaire amháin sa téacs críochnaitheach lena luaitear fiontair go sonrach.

Bosca 6

Comhtháscairí um éifeachtúlacht fuinnimh (2021-2027)

Táscairí a mhol an Coimisiún ar dtús ³⁰	Táscairí (deiridh) athbhreithnithe ³¹
(a) RCR 26 - tomhaltas fuinnimh bhliantúil <u>chríochnaitheach</u> (as sin: cónaitheach, neamhchónaithe agus príobháideach , neamhchónaithe agus poiblí);	(a) RCR 26 – Tomhaltas fuinnimh <u>phríomhúil</u> bhliantúil (as sin: teaghaisí, foirgnimh phoiblí, fiontair , eile);
(b) RRCR 28 - Foirgnimh ina bhfuil aicmiú fuinnimh feabhsaithe (as sin: cónaitheach, neamhchónaithe agus príobháideach , neamhchónaithe agus poiblí);	(b) CCO 06 – Infheistíochtaí sna bearta d’fhonn feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht fuinnimh; agus
(c) RCR 30 - Fiontair ina bhfuil feidhmíocht fuinnimh fheabhsaithe;	(c) CCR 05 - Coigilteas i dtomhaltas fuinnimh <u>phríomhúil</u> bhliantúil.
(d) CCO 06 – Infheistíochtaí sna bearta d’fhonn feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh;	

²⁹ Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comtháthaithe (IO L 231, 30.6.2021, lch. 60).

³⁰ Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comtháthaithe, COM(2018) 372 final an 29 Bealtaine 2018.

³¹ Rialachán (AE) 2021/1058.

- | | |
|---|--|
| (e) CCR 05 - Tairbhithe a bhfuil aicmiú fuinnimh feabhsuithe acu. | |
|---|--|

CCO: Príomhtháscairí Aschuir Comhtháthú.

CCR: Príomhtháscairí Toraidh Comhtháthú.

RCR: Táscaire Toraidh Coiteann maidir le Beartas Réigiúnach.

116 Rinneamar na laigí seo a leanas a shainaithint sna táscairí athbhreithnithe:

- (a) Níl na comhtháscairí ailínithe le táscairí a thuairiscítear faoin Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus Gníomhaithe ar son na hAeráide, lena gceanglaítear ar na Ballstáit coigilteas fuinnimh príomhúil agus deiridh a thuairisciú, nó tomhaltas fuinnimh príomhúil agus deiridh a thuairisciú (2020 i gcomparáid le 2030).
- (b) Trí úsáid a bhaint as táscaire lena dtomhaistear tomhaltas fuinnimh príomhúil (laghdú san fhuinneamh foriomlán atá ag teastáil), is féidir foinsí inathnuaite a áireamh san fhaireachán ar chaiteachas agus ar thorthaí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Cé go laghdaíonn foinsí inathnuaite an méid fuinnimh atá ag teastáil ón eangach, úsáideann na tionscadail an méid céanna fuinnimh dá ngníomhaíocht (tomhaltas fuinnimh dheiridh).

Dé réir na meastachán, cuirfidh tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh atá maoinithe ag an Aontas go mór le cuspóirí AE

117 Chun measúnú a dhéanamh ar an rannchuidiú tionscadail le héifeachtúlacht fuinnimh, rinneamar ríomh ar thionchar measta na gcistí a infheistíodh, i.e. méid an choigiltis fuinnimh arna ghiniú (MWh). Bhunaíomar ár measúnú ar 142 thionscadal a raibh na sonraí riachtanach againn dóibh.

118 Rinneamar gach tionscadal a dheighilt ar dtús, an coigilteas fuinnimh iomlán measta de réir na hinfheistíochta arna maoiniú ag an Aontas. Léirítear inár ríomh go ndéanfaí EUR 1 000 a infheistíodh i dtionscadail éifeachtúlachta fuinnimh ar an meán a choigilt dá mbeadh na meastacháin *ex ante* cruinn, 28 Mwh d'fhuinneamh.

119 Rinneamar an meastachán seo a eachtarshuí maidir leis na tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh go léir inár mbunachar sonraí, de réir mar a thaispeáin an chuid dheireanach na tréithe den chineál céanna don sampla. EUR 3.5 billiún ab ea an méid iomlán incháilithe a infheistíodh i dtionscadail éifeachtúlachta fuinnimh inár mbunachar sonraí. Tugann ár n-eachtarshuíomh le fios, dá mba rud é go raibh na meastacháin *ex ante* cruinn, go nginfí thart ar 100 milliún MWh thar shaolré na dtionscadal (8.7 milliún tonna de choibhéis ola (Mtoe) leis na tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh arna maoiniú ag CFRE agus CC, ó Dheireadh Fómhair 2020).

120 Is é 18 mbliain an saolré infheistíochta atá acu, agus is ionann méid bliantúil na gcoigiltis agus thart ar 0.48 Mtoe. Ós rud é gurb é 137 Mtoe an iarracht atá á déanamh faoi láthair maidir le spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh 2030 a shábháil, is ionann an coigilteas tionscadail agus thart ar 0.3 % den iarracht sin.

Conclúidí agus moltaí

121 Is comhchuid fíorthábhachtach an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú maidir leis na hiarrachtaí chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus mar chomhchuid den “Chomhaontú Glas don Eoraip”. Tá gá fós le hiarrachtaí suntasacha chun spriocanna feabhsaithe an Aontais le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach, agus is cuid thábhachtach den iarracht sin iad fiontair. Tá an Coimisiún agus na Ballstáit freagrach go comhpháirteach as bearta beartais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh (01-15).

122 Le linn na tréimhse 2014-2020, chuir CFRE agus CC EUR 2.5 billiún ar fáil d’oibríochtaí roghnaithe a chuireann bearta éifeachtúlachta fuinnimh chun cinn i bhfiontair (14 agus 15). Déanann na Ballstáit agus an Coimisiún comhbhainistiú ar na cistí sin (16-20).

123 Rinneamar scrúdú féachaint ar caitheadh cistí bheartas comhtháthaithe an Aontais le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair. Ar an iomlán, fuaireamar amach nach raibh an caiteachas a beartaíodh comhtháite go maith laistigh de straitéis éifeachtúlacht fuinnimh, agus go raibh saincheisteanna éifeachtúlachta ag tionscadail áirithe. Maidir leis na Ballstáit, cuirtear critéir éifeachtúlachta ar bun le haghaidh tionscadail ach níor éirigh leo amháin éifeachtúlacht tionscadail a fheabhsú. Léirítear sna torthaí a bhfuiltear ag súil leo go mbeidh teorainn leis na tionscadail chun na cuspóirí éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach, cé nach dtagann siad faoi scátha an chreata faireacháin atá ann cheana.

124 Mheasamar an ndearna an Coimisiún agus Ballstáit measúnú ar úsáid iomchuí chistí an Aontais agus na cuspóirí éifeachtúlachta fuinnimh á gcur san áireamh. Cé gur féidir le CFRE agus CC éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair a chómhaoiniú, fuaireamar amach nár thug an Coimisiún údar faoin gcaoi a rannchuideodh CFRE agus CC le haghaidh a thabhairt ar na riachtanais shonracha mhaoinithe i bhfiontair, i dtéarmaí infheistíochta iomláine agus poiblí (34-39).

125 Leag CO tosaíochtaí agus cuspóirí soléire síos d’éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair, cé nach luaitear sa chuid is mó acu an rannchuidiú atá beartaithe le cur chun feidhme NEEAP (40-45).

Moladh 1 – Déan measúnú ar acmhainneacht agus fíor-rannchuidiú chistí an bheartais chomhtháthaithe le héifeachtúlacht fuinnimh

Ba cheart don Choimisiún feabhas a chur le húsáid na gcistí trí mheasúnú láidir a dhéanamh ar:

- (a) an ranníocaíocht a d'fhéadfaí a dhéanamh ó chistí an Aontais a infheistítear le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair ag céim an chlársceidealaithe, agus na riachtanais airgeadais phoiblí arna gcur in iúl sna Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide á gcur san áireamh.

Amchlár: 2022.

- (b) tionchar sonrach na dtionscadal éifeachtúlachta fuinnimh ar fhiontair agus meastóireacht á déanamh acu ar chlárthréimhse 2014-2020.

Amchlár: 2024.

126 Rinne líon beag de na cláir oibríochtúla pleanáil ar mhéideanna agus cionmhaireachtaí suntasacha an rannchuidithe iomláin CFRE agus CC chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach. Bhí cion níos airde de chistí roghnaithe ag na cláir sin freisin i gcomparáid leis an gcuid eile de na cláir ([46-51](#)).

127 Fuaireamar amach gur úsáid údaráis na mBallstát deontais den chuid is mó. Níor thug na húdaráis údar leis an rogha a rinneadar maidir le tacaíocht airgeadais sna cláir oibríochtúla. Ní féidir a rá go cinnte cén todhchaí a bheas ag na tionscadail gan tacaíocht ón Aontas, ach molann an fhaisnéis a fuaireamar ó thairbhíthe go bhféadfadh sé go mbeadh tromlach beag de thionscadail in ann leanúint ar aghaidh gan an tacaíocht sin. Chuir deontais phoiblí thart ar leath d'iomlán na hinfheistíochta tionscadail ar fáil, agus chuir comhpháirt an Aontais (CFRE agus CC) leis an sciar is mó den tacaíocht phoiblí ([52-64](#)).

128 Rinneamar measúnú freisin féachaint ar cheadaigh nósanna imeachta na mBallstát tionscadail éifeachtúla a roghnú. Fuaireamar amach go ginearálta gur cuireadh tionscadail éifeachtúla chun cinn leis an bpróiseas roghnúcháin, cé go bhfuil tionchar ag laigí ar fheidhmíocht fhoriomlán an chláir.

129 Fuaireamar amach gur chuir formhór na mBallstát iallach ar fhiontair meastacháin bhailíochtaithe ar choigilteas fuinnimh a chur isteach agus gur thairgeadar i roinnt cásanna fiú tacaíocht airgeadais do na fiontair le haghaidh iniúchtaí fuinnimh *ex ante*. Ní raibh bailíochtú *ex post* ar thorthaí tionscadail chomh minic sin (67-73).

130 Tríd is tríd, chuir an chuid is mó de na húdaráis bainistíochta de cheangal ar thionscadail cloí le híoschaighdeáin coigiltis fuinnimh agus feidhmíochta, fiú in éagmais chaighdeáin éifeachtúlachta AE d'fhiontair. Bhí leibhéal uailmhéine na gceanglas difriúil, ach chuir an chuid is mó dóibh coigiltis shuntasacha chun cinn. Fuaireamar amach freisin go raibh sé mar chuspóir ag údaráis áirithe de chuid na mBallstát critéir éifeachtúlachta a shocrú d'infheistíochtaí (74-80).

131 Ar an iomlán, bhí cuma ar an scéal go raibh na tionscadail éifeachtúil: bhí an meánchostas a bhaineann le coigiltis fuinnimh níos ísle ná meánchostas leictreachais ar fud na mBallstát, ach faoi bhun thagarmharc DEEP (81-88).

132 B'annamh a úsáideadh táscairí airgeadais i roghnú tionscadail, in ainneoin gur bhain an chuid is mó de thairbhíthe úsáid astu. Thugamar faoi deara go raibh na tréimhsí aisíoca níos faide ná an saolré infheistíochta le haghaidh an tríú cuid de na tionscadail, rud a chiallaíonn nach rabhadar éifeachtúil (89-94).

133 Trí anailís a dhéanamh ar a mhéad a théann na hamanna aisíoca i bhfeidhm ar chostas a bhaineann le fuinneamh a shábháil, thugamar faoi deara go gciallaíonn amanna aisíoca an-fhada, i.e. níos faide ná an saolré infheistíochta, costais i bhfad níos airde a bhaineann le coigilteas fuinnimh a bhaint amach (95-100). Níor laghdaíodh meánchostas coigiltis ar leibhéal suntasach trí chritéir éifeachtúlachta a leagan síos maidir le costais fuinnimh agus le costais CO₂ (101-103).

134 Bheadh sé níos éifeachtaí amanna aisíoca a úsáid agus d'fhéadfadh sé gur chuidigh sé le hionstraimí oiriúnacha cistiúcháin a shainaithint. Is dócha go mbeadh tionscadail le hamanna aisíoca an-ghearr agus costais ísle seachanta ann fiú in éagmais deontais ón Aontas. D'fhéadfaí iad a mhaoiniú trí iasachtaí (99 agus 106). Le Rialachán nua na bhForálacha Coiteanna, ceanglaítear ar na húdaráis údar a thabhairt i gcás CO nua, maidir lena rogha ionstraime cistiúcháin (53).

Moladh 2 – Déan fíorú féachaint an bhfuil údar cuí leis an ionstraim chistiúcháin a roghnú

Ba cheart don Choimisiún a fhíorú an bhfuil údar réasúnta ag na Ballstáit leis an rogha ionstraime cistiúcháin ina dtograí cláir agus nach n-úsáidtear deontais i gcás ina mbeadh ionstraimí airgeadais níos iomchuí.

Amchlár: 2022.

135 Níor cheart tacaíocht AE a sholáthar i gcás ina sáraíonn amanna aisíoca an saolré infheistíochta den chuid is mó, rud a chiallaíonn nach bhfuil tionscadail chomh héifeachtúil céanna agus nach bhfuil siad inmharthana ó thaobh airgeadais de (106). Bhí an tríú cuid de na tionscadail a raibh sonraí againn ina leith sa chás sin (94).

136 Ar deireadh, rinneamar measúnú féachaint an léiríonn torthaí na dtionscadal feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair bunaithe ar tháscairí agus ar ár n-anailís féin.

137 Cé go bhfuil an tosaíocht maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i bhfiontair socraithe ar leibhéal AE, níl aon chomhtháscairí ann lena dtomhaistear a aschuir agus a thorthaí sa tréimhse 2014-2020. Baineann táscairí lena dtomhaistear líon na bhfiontar agus infheistíochtaí ísealcharbóin nó laghduithe astaíochtaí CO₂ acu le roinnt tosaíochtaí, agus ní féidir aschuir ná torthaí na tosaíochta éifeachtúlachta fuinnimh a shainaithint (108-110). Socraíonn na Ballstáit táscairí a bhaineann go sonrach leis an gclár, ach ní féidir a n-aschuir ná a dtorthaí a chomhiomlánú ar leibhéal AE (111-114).

138 Leis an reachtaíocht maidir le cistí an bheartais chomhtháthaithe do 2021-2027, tugadh isteach comhtháscairí éifeachtúlachta fuinnimh (115). Níl siad ailínithe, áfach, le ceanglais tuairiscithe eile de chuid an Aontais Fuinnimh agus Gníomhú ar son na hAeráide, atá níos mionsonraithe. Leis na táscairí nua, is féidir le húdaráis foinsí inathnuaite fuinnimh a mheas mar infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a dhéanann difear don rianú aeráide agus d'fhaireachán a dhéanamh ar chaiteachas le haghaidh éifeachtúlachta fuinnimh (116).

139 Ar deireadh, mheasamar go bhfuil ranníocaíocht teoranta de thuairim is 0.3 % ag coigiltis fuinnimh arna nginiúint ag na tionscadail chómhaoinithe do na riachtanais coigilte fuinnimh i dtreo 2030 (117-120).

Bhí an Tuarascáil seo glactha ag Seomra I, faoi cheannas Samo Jereb, Comhalta na Cúirte Iniúchóirí, i Lucsamburg an 24 Samhain 2021.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí

Klaus-Heiner Lehne

Uachtarán


Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – Anailís ar thionscadail sa bhunachar sonraí




Cistí AE a roghnaíodh in aghaidh an tionscadail

→ Is ionann EUR 300 000 agus meánchistí an Aontais a roghnaíodh in aghaidh an tionscadail.




Cistí AE a roghnaíodh ag raon feidhme an tionscadail

→ Chuaigh níos mó ná 88 % de chistí an Aontais a roghnaíodh chuig tionscadail d'éifeachtúlacht fuinnimh de réir ár mbunachar sonraí.



Cistí AE atá roghnaithe de réir earnála

→ Ba í an earnáil tionsclaíochta an earnáil ba shuntasáí sa bhunachar sonraí, agus bhí seirbhísí agus an earnáil phoiblí ann ina dhiaidh sin.




Foinse: CIE, bunaithe ar liostaí tionscadail a fuarthas ó na húdaráis bhainistíochta.

Iarscríbhinn II – Saintréithe na samplaí




Forléargas ar chistí an Aontais do thionscadail d'éifeachtúlacht fuinnimh atá roghnaithe inár sampla

→ Léiríonn sampla na dtionscadail go raibh tionscadail maoinithe ag na 41 Clár Oibríochtúil (CO) le tionscadail d'éifeachtúlacht fuinnimh, agus go raibh luach incháilithe iomlán EUR 221 milliún leis na tionscadail sin. Léirigh EUR 90 milliún cistí an Aontais do thionscadail roghnaithe as an méid sin.




Cistí AE a roghnaíodh in aghaidh an tionscadail

→ Is ionann EUR 300 000 agus meánchistí an Aontais a roghnaíodh in aghaidh an tionscadail.




Cistí AE a roghnaíodh ag raon feidhme an tionscadail

→ Ba ionann 69 % de chistí an Aontais do thionscadail roghnaithe inár sampla agus an éifeachtúlacht fuinnimh, agus 7 % eile d'iniúchtaí agus comhairle fuinnimh.



Cistí AE atá roghnaithe de réir earnála

→ Ba í an earnáil tionsclaíochta an earnáil ba shuntasáí sa bhunachar sonraí, agus bhí seirbhísí agus an earnáil phoiblí ann ina dhiaidh sin.



Foinse: CIE, bunaithe ar na tionscadail shamplach.

Acrainmneacha agus giorrúcháin

AS ENER: Ard-Stiúrtóireacht an Fhuinnimh

AS REGIO: Ard-Stiúrtóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh

CC: Ciste Comhtháthaithe

CFRE: Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa

CO: Cláir Oibríochtúil

CO₂: Dé-ocsaíd charbóin

DEEP: Ardán do Riosca Éifeachtúlachta Fuinnimh a mhaolú

FBM: Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide

GWh: Uair an chloig Giga Watt

Koe/\$2015p: Coibhéis in ola chileagramaí ag praghsanna 2015, arna léiriú i ndollair USD

MWh: Uair an chloig Mega Watt

NEEAP: an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh

OTI: Olltáirgeacht Intíre

PJ/GJ: Peta/Giga Joule

SFC: Córas Cumarsáide do Chistí Struchtúracha an Aontais

TC: Comhar Críochach

(M)(k)TOE: (Milliún)(cileagram) Tonnaí de choibhéis ola

Gluais

AN tÚDARÁS BAINISTÍOCHTA: Na húdaráis réigiúnacha nó náisiúnta a bhainistíonn na cláir oibríochtúla agus a bhfuil an phríomhfhreagairt orthu as cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil CFRE nó CC.

BALLSTÁIT: An 27 dtír ina gcomhaltaí den Aontas Eorpach in 2021.

CLÁR OIBRÍOCHTÚIL: An doiciméad clársceidealaithe ina sonraítear tosaíochtaí infheistíochta, cuspóirí sonracha, torthaí agus táscairí aschuir, agus socraítear an córas bainistíochta agus rialaithe a cuireadh i bhfeidhm chun cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil CFRE nó CF a áirithiú.

COIGILTIS FUINNIMH: An méid fuinnimh a coiglódh arna chinneadh trí thomhaltas fuinnimh a thomhas agus/nó a mheas sula gcuirtear beart feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh chun feidhme agus ina dhiaidh sin, agus normalú á áirithiú ag an am céanna i gcás dálaí seachtracha a dhéanann difear don tomhaltas fuinnimh.

COSTAS SEACHANTA: An costas coigilte (seachanta) a bhaineann le haon MWh amháin de thomhaltas fuinnimh (EUR).

DEEP: Ardán do Riosca Éifeachtúlachta Fuinnimh a mhaolú, ar tionscnamh foinse oscailte é chun infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a mhéadú san Eoraip trí chomhroinnt a fheabhsú agus anailís thrédhearcach a dhéanamh ar thionscadail atá ann cheana.

DÉINE FUINNIMH: An cóimheas idir oll-ídiú fuinnimh intíre (GIEC) agus olltáirgeacht intíre (OTI), arna ríomh do bhliain féilire.

ÉIFEACTHÚLACHT FUINNIMH A FHEABHSÚ: Méadú ar éifeachtúlacht fuinnimh mar thoradh ar athruithe teicneolaíochta, iompraíochta agus/nó geilleagair.

ÉIFEACTHÚLACHT FUINNIMH: An cóimheas idir an t-aschur feidhmíochta, seirbhíse, earraí nó fuinnimh agus an t-ionchur fuinnimh, de réir na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh 2012/27/AE.

INIÚCHÓIREACHT FUINNIMH: Sainítear sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh gur iniúchadh fuinnimh an nós imeachta córasach arb é is aidhm dó eolas leordhóthanach a fháil ar an tomhaltas fuinnimh atá ann cheana, deiseanna coigiltis fuinnimh atá éifeachtach ó thaobh costais de a shainaithint agus iad a chainníochtú, agus na torthaí sin a thuairisciú.

TÁIRGIÚLACHT FUINNIMH: Tomhas ar an tairbhe eacnamaíoch a fhaighimid ó gach aonad fuinnimh a úsáidimid. Ríomhtar é tríd an aschur eacnamaíoch iomlán (e.g. OTI) a roinnt leis an méid fuinnimh arna thomhailt (e.g. tonnaí de choibhéis ola). Tugann sé léargas ar an méid díchúplála ar úsáid fuinnimh ó fhás OTI.

TOMHALTAS FUINNIMH PHRÍOMHÚIL: Oll-ídiú fuinnimh intíre, gan úsáidí neamhfhuinnimh a áireamh.

TOMHLTAS FUINNIMH DHEIRIDH: An fuinneamh ar fad a sholáthraítear don tionscal, don iompair, do teaghlaigh, do sheirbhísí agus don talmhaíocht. Eisiatar seachadtaí chuig earnáil an chlaochlaithe fuinnimh ná chuig na tionscail fuinnimh féin.

Uirlis mhúnlaite PRIMES: Is samhail de chóras fuinnimh an Aontais é PRIMES lena soláthraítear réamh-mheastacháin don mheántéarma agus don fhadtéarma ó 2010 ar aghaidh go dtí 2030.

Freagraí ón gCoimisiún

<https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/DocItem.aspx?did=60620>

Amlíne

<https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/DocItem.aspx?did=60620>

Foireann iniúchta

I dtuarascálacha speisialta CIE, leagtar amach torthaí a gcuid iniúchtaí ar bheartais agus ar chláir an Aontais, nó ar ábhair a bhaineann le bainistíocht ó réimsí buiséadacha sonracha. Roghnaíonn agus ceapann CIE na cúraimí iniúcháireachta sin a mbeidh an tionchar is mó acu trí na rioscaí don fheidhmíocht nó don chomhlíonadh a mheas, chomh maith leis an leibhéal ioncaim nó caiteachais lena mbaineann, dul chun cinn atá le teacht, agus spéis pholaitiúil agus phoiblí iontu.

Is é an Seomra Iniúcháireachta I, Úsáid Inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha, a rinne an iniúchadh feidhmíochta. Ba é an Comhalta CIE Samo Jereb a bhí i gceannas. Ba é Samo Jereb, Comhalta CIE a bhí i gceannas ar an iniúcháireacht, le tacaíocht ó Kathrine Henderson, Ceann na hOifige Príobháidí agus Jerneja Vrabic, Attaché Oifig Phríobháideach; Emmanuel Rauch, Príomh-Bhainisteoir; Oana Dumitrescu, Ceann Tasc; Lorenzo Pirelli, Lucia Rosca, Asimina Petri, Malgorzata Frydel, Timo Lehtinen agus Nicholas Edwards, Iniúcháirí. Dearadh grafach déanta ag Marika Meisenzahl.



Líne chúil ó chlé o deas: Lorenzo Pirelli, Lucia Rosca, Emmanuel Rauch, Malgorzata Frydel, Nicholas Edwards

Líne thosaigh ó chlé go deas: Asimina Petri, Timo Lehtinen, Oana Dumitrescu, Samo Jereb, Marika Meisenzahl

CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2022.

Cuirtear an beartas athúsáide do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) chun feidhme le [Cinneadh ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa Uimh. 6-2019](#) maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad.

Mura léirítear a mhalairt (m.sh. i bhfógraí cóipchirt aonair), déanfar ábhar CIE atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoin [gceadúnas Creative Commons Attribution 4.0 International \(CC BY 4.0\)](#). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear athúsáid, ar choinníoll go dtugtar creidmheas cuí agus go léirítear athruithe. Níor cheart don athúsáideoir bunbhrí ná teachtaireacht na ndoiciméad a shaobhadh. Ní bheidh CIE faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Ní mór duit cearta breise a imréiteach má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, m.sh. i bpictiúir d'fhoireann CIE nó ina bhfuil oibreacha tríú páirtí san áireamh. I gcás ina bhfaighfear cead, cuirfear an cead sin ar ceal agus beidh sé in ionad an cead ghinearálta atá thuasluaite agus léireofar aon srian ar úsáid ann go soiléir.

B'fhéidir go mbeidh ort cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, eisiatar iad ó bheartas athúsáide CIE agus ní cheadaítear iad duit.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar Shuíomhanna Gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu, moltar duit athbhreithniú a dhéanamh ar a mbeartais phríobháideachais agus cóipchirt.

Lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid

Níor cheart lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.

PDF	ISBN 978-92-847-7302-2	ISSN 2529-3370	doi:10.2865/924285	QJ-AB-22-002-GA-N
HTML	ISBN 978-92-847-7281-0	ISSN 2529-3370	doi:10.2865/732905	QJ-AB-22-002-GA-Q

Tá éifeachtúlacht fuinnimh ríthábhachtach chun neodracht carbóin an Aontais a bhaint amach faoi 2050. Rinneamar anailís ar thionscadail maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair a chómhainítear le cistí an bheartais chomhtháthaithe. Fuaireamar amach nach ndearna an Coimisiún measúnú ar an acmhainneacht atá ag fiontair le fuinneamh ná riachtanais mhaoinithe a spáráil, cé nach sonraíonn cláir an chaoi a gcuireann na cistí le tosaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh. Ní féidir le táscairí *ex post* measúnú a dhéanamh ar an rannchuidiú sin, ach mheasamar gurb ionann é agus 0.3 % den iarracht go dtí 2030. Bhí infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh éifeachtúil ar an iomlán. Dá mbainfí úsáid as táscairí airgeadais sa phróiseas roghnúcháin, sheachnófaí roinnt nithe neamhéifeachtúla agus cheadófaí rogha níos fearr maidir le hionstraim cistiúcháin freisin. Molaimid don Choimisiún an ranníocaíocht ó chistí an Aontais a shoiléiriú agus a fhíorú an bhfuil rogha na hionstraime cistithe réasúnta.

Tuarascáil Speisialta CIE de bhun Airteagal 287(4), an dara fomhír, CFAE.



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA



Publications Office
of the European Union

EUROPEAN COURT OF AUDITORS
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUXEMBOURG

Tel. +352 4398-1

Enquiries: eca.europa.eu/en/Pages/ContactForm.aspx

Website: eca.europa.eu

Twitter: @EUAuditors